BORD NA NIONAD CÓIREÁLA DO LUCHT MÍ-ÚSÁIDE DRUGAÍ

Tuarascáil Bhliantúil 2008

Ag Soláthar Ag Oiriúnú Ag Cothú Ag Forbairt Ag Stiúradh Ag Cur ar an Eolas

Ábhar

Misean agus Fís

Mar gheall ar Bhord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí (DTCB)

Comhaltaí Boird

Ráiteas an Chathaoirligh

Tuarascáil an Bhainisteora Ghinearálta

Tuarascáil an Stiúrthóra Chliniciúil

Treochtaí in 2008

Misean

Sainsheirbhís andúile chomhtháite, bunaithe ar an duine, a chur ar fáil, arna tacú ag an gcleachtas is fearr agus ag cinnireacht náisiúnta i bhfoirfeacht acadúil.

fís

Mar an Lárionad Cóireála Drugaí (Lá) is mó agus is faide bunaithe sa tír, is é ár n-aidhm leanúint de bheith ag cur réimse leathan sainchóireálacha ar fáil d'éagsúlacht pobal a úsáideann drugaí agus dóibh siúd a dteastaíonn sain-idirgabhálacha síciatracha, síceolaíocha, sóisialta agus liachta uathu. Is é ár n-aidhm chomh maith leis sin:

- bheith i gcónaí ag feabhsú agus ag forbairt na tseirbhísí a chuirimid ar fáil ó thaobh cóireála a thabhairt i gcás mhí-úsáid substaintí
- cur le polasaí chóiréail drugaí agus
- gníomhú mar acmhainn agus ionad oiliúna t(h)ábhachtach do ghairmithe a oibríonn sa réimse mhí-úsáid substaintí.

Mar shainsheirbhís cuirimid le polasaithe a bhíonn ag smaointeoireacht chun cinn maidir le cóireáil, cosc, oideachas, athshlánú, iarchúram, agus le cláir chúraim dhóthaineacha a fhorbairt dóibh siúd a ghoilleann mí-úsáid substaintí orthu.

I gcomhar le hoideoirí agus le gníomhaireachtaí reachtúla, deonacha agus pobail eile, déanaimid ár ndícheall chun spiorad neamhspléachais agus rogha a chothú i measc cliant, agus scothchleachtas á fhorbairt agus á chur chun cinn againn i gcóireálacha teiripeacha agus cliniciúla.

Is cuid dhílis é taighde de mheasúnú a dhéanamh ar éifeachtacht cleachtas atá ann cheana féin agus de pholasaí cuí a fhorbairt. Tacaimid leis sin trí shonraí a chur ar fáil atá mar thoradh ar thaighde atá bunaithe ar fhianaise. Freisin soláthraíonn ár tsainsheirbhís cleachtas atá bunaithe ar fhianaise a thacaíonn le léargas a fháil maidir le héifeachtacht cóireálacha reatha agus scothchleachtas laistigh den réimse andúile. Mar sin, agus mar mhol do sheirbhísí andúile, is é ár n-aidhm scothchleachtas a threorú agus a stiúradh agus cur le polasaí chóireáil drugaí.

mar gheall ar
Bhord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí (DTCB)

Bunaíodh Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí, ar tugadh an tIonad Náisiúnta um Chomhairle agus Chóireáil Dhrugaí air roimhe, i 1969 agus is í an tseirbhís chóireála is faide bunaithe sa tír. Lonnaíodh í ar dtús ag an "Otharlann Charthanachta", in Ospidéal Shráid Ghearbhais, Baile Átha Cliath 1, a bunaíodh i 1718. Is ó theaghlach a raibh baint acu leis an ionad ó 1909 é Cathaoirleach reatha Bhord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí, an tUasal Denis McCarthy. Ag deireadh 1987, dúnadh Ospidéal Shráid Ghearbhais. Bunaíodh Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí le hionstraim reachtúil i 1988 agus bhog sé go dtí áitreabh nua i gCúirt na Tríonóide, 30-31 Sráid an Phiarsaigh, Baile Átha Cliath 2. Faighimid ár maoiniú ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Táimid tiomanta do chóireáil éifeachtach d'ardchaighdeán atá dírithe ar an gcliant a chur ar fáil. Soláthraítear é seo ar bhealach comhbhách, gairmiúil, ag glacadh riachtanais aonair ár gcliant san áireamh laistigh de shocrúchán ildhisciplíneach. Tugaimid treoir agus oiliúint do ghairmithe eile a bhíonn ag obair sa réimse mhí-úsáid substaintí agus cuirimid le forbairt pholasaí maidir le bainistiú andúile.

I gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha eile, cuireann Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí cláir choiscitheacha, chóireála, athshlánaithe agus iarchúraim ar fáil d'eisothair agus d'othair chónaitheacha leis na droch-éifeachtaí a bhaineann le handúile drugaí a laghdú agus chun cosc a chur le scaipeadh an Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna (HIV sa Bhéarla) agus galair ionfhabhaithe eile.

Cuirtear saoráidí cóireála d'eisothair ar fáil ar an láthair. Tá saoráidí díthoscaithe d'othair chónaitheacha lonnaithe i mBarda Naomh Mhichíl, Ospidéal Beaumont, Baile Átha Cliath (aonad 10 leaba) agus i gCuan Dara, Ospidéal Úllord na Silíní, Baile Átha Cliath (aonad 17 leaba).

Chomh maith leis sin cuirimid seirbhís Shaotharlainne Náisiúnta um Anailís Drugaí ar fáil a thacaíonn le polasaí cóireála, a dhéanann monatóireacht ar threochtaí agus a thacaíonn le pleanáil sheirbhíse agus le scothchleachtas maidir le cóireáil agus cúram a thabhairt i dtaca le mí-úsáid drugaí agus maidir bainistiú a dhéanamh ar an mí-úsáid sin. Tacaíonn ár dtaighde le cleachtas atá bunaithe ar fhianaise maidir le polasaí chóireáil drugaí agus forbairtí cliniciúla.

Áirítear ar na Sainsheirbhísí Cliniciúla ar an láthair:

Measúnú Liachta Ginearálta agus Síciatrach

- Clinic Dédhiagnóise
- Clinic Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde do Dhaoine Fásta
- Seirbhís Chóireáil Heipitítis C ar an láthair
- Cosc ar Ionfhabhuithe Víreasacha agus Cóireáil
- Seirbhísí Cúraim Phríomúil
- Clinic Shláinte Gnéis

- Seirbhísí Cnáimhseachais Idirchaidrimh
- Cláir Chóireála—mí-úsáid Ilshubstaintí
- Clár do Dhaoine Óga (YPP) (18 mbliain d'aois agus faoi)
- Seirbhísí comhairleacha do ghairmithe eile

Seirbhísí Eile

- Comhairleoireacht agus Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh
- Seirbhísí Obair Shóisialta
- Sainghrúpaí le haghaidh mhí-úsáid chócaoin agus alcóil
- Seirbhísí Leasa
- Teiripeacha Comhlántacha
- Seirbhísí For-rochtana
- Seirbhísí Sheomra Súgartha Intí
- Ranganna Litearthachta
- Taighde
- Liosta Cóireála Lárnach
- Saotharlann Náisiúnta um Anailís Dhrugaí
- Seirbhísí Shláinte Ceirde

Comhaltaí Boird

AINM	TEIDEAL
An tUas Denis P. McCarthy	**Cathaoirleach**
An tOllamh Joseph Barry	Comhalta Boird
An Dr. Íde Delargy	Comhalta Boird
An tUas Frank Fagan	Comhalta Boird
An tOllamh Kieran Taaffe	Comhalta Boird
An tUas Dan McGing	Comhalta Boird
An tUas Liam O'Brien	Comhalta Boird
An Dr. John O'Connor	Comhalta Boird
Alice O'Flynn Uas	Comhalta Boird
An Dr. Siobhan Rooney	Comhalta Boird

Ráiteas an Chathaoirligh

Is cúis mhór áthais dom ár dTuarascáil Bhliantúil 2008 a chur i láthair. Tugann sí cuntas faisnéiseach ar ár ngníomhaíochtaí agus ar ár bhforbairtí don bhliain atá faoi chaibidil.

Arís ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thiomantas leanúnach ár bhfoireann shinsearach bhainistíochta agus na foirne maidir le seirbhísí d'ardchaighdeán a chur ar fáil go leanúnach. Thar ceann an Bhoird ba mhaith liom aitheantas a thabhairt dóibh agus dá gcuid oibe i dtimpeallacht dheacair a leanann de bheith ag athrú de shíor.

Ba é ceann d'ár gcuspóirí ná clár oibreacha a chríochnú chun cur le timpeallacht fhisiciúil ár tseirbhíse agus chun feabhas a chur ar shábháilteacht agus leas na foirne agus cliant. Chun na críche sin leanadh d'obair athchóirithe tógála agus d'ardaitheoir a chur isteach le linn 2008 agus críochnaíodh an chuid is mó den obair faoi dheireadh na bliana. D'ár tSaotharlann Náisiúnta le linn 2008 chiallaigh sé sin gur athlonnaíodh í go sealadach ar 6 Bealtaine go dtí 32 Sráid an Phiarsaigh chun athchóiriú na saotharlainne inár bpríomhfhoirgneamh a éascú. Cé gur fhill siad i Meán Fómhair chiallaigh sé sin gur ghá dúinn ár gcreidiúnú a chur ar fionraí go deonach. Tugadh ar ais é, áfach, i nDeireadh Fómhair 2008.

Tá ionadaíocht ag lucht leighis, dlí, altranais agus bainistíochta agus ag daoine tuata, ar ár gCoiste Eiticí a bunaíodh in 2002. Tugann an Bord aitheantas dá dtacaíocht, dá ndíograis agus dá dtiomantas agus go háirithe don Bhreitheamh Kevin Lynch a scoir in 2007 ina chumas mar Chathaoirleach ar an gcoiste. Táimid buíoch de as a thiomantas pearsanta thar na blianta.

Lean obair ár gCoiste Eiticí faoi Chathaoirleacht nua an Bhreithimh Dhonacha Uí Bhuachalla in 2008 agus thar ceann an Bhoird ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'obair agus thiomantas an choiste dheonaigh seo.

Ceann de bhuaicphointí ár n-obair thaighde le linn 2008 ná páirt a ghlacadh i dtriail chliniciúil idirnáisiúnta maidir le Subocón. Is obair ríthábhachtach í seo maidir le hidirghabhálacha cóireála breise a fhorbairt.

Le linn 2008 ghlac ár gClár do Dhaoine Óga (YPP) cur chuige nua chun cur le torthaí i gcóireáil andúile ag baint úsáide as urraíochtaí carthanais mar ghríosú do dhaoine óga ag freastal ar ár tseirbhís. Bhain roinnt gníomhaireachtaí tairbhe as an tionscnamh seo trí thiomantas na ndaoine óga. Táimid buíoch as ucht thacaíocht Hayes Cunningham, Dlíodóirí, san fhiontar seo.

Leanamar d'fhorbairt a dhéanamh ar ár mbonneagar Theicneolaíocht Eolais ag oibriú chun spriocanna ár Straitéis ICT a bhaint amach. Tá ár mBord mórálach as ár mbonneagar atá forbartha go dtí seo.

Laistigh de shriantachtaí buiséid atá ag fáisceadh i gcónaí leanaimid ag iarraidh forbairt a dhéanamh ar ár tsainsheirbhísí. Mar a tuairicscíodh in 2007,d'fhógraíomar ár bpleananna, mar fhreagairt ar an méadú leanúnach in úsáid chócaoin, chun Seirbhís Chócaoin/ Spreagthaigh (CSS i mBéarla) le haghaidh úsáideoirí neamhchodlaidíneacha nach bhfuil ag freastal ar sheirbhísí cóireála atá ann cheana

féin a fhorbairt. Tá an tseirbhís seo ag feidhmiú anois agus tá an tsamhail chóireála atá á húsáid bunaithe ar fhianaise agus dírithe ar riachtanais cliaint na seirbhíse agus a dteaghlach a shásamh.

I nDeireadh Fómhair 2008 d'fhógair an tAire Airgeadais, Briain Ó Luineacháin, ina bhuiseád go raibh sé ar intinn aige faoi Bhille Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) ár mBord a chumascadh le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in 2010.

Sa todhchaí agus cumasc ár mBoird le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte pleanáilte táimid ag tnúth le leanúint ag obair chun sainsheirbhís chóireáil dhrugaí d'ardchaighdeán a chur ar fáil. Táimid siúráilte go leanfaidh an leibhéal saineolais agus feasa a d'fhorbair Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí thar an 40 bliain atá imithe thart chun cur le sainsheirbhísí andúile d'ardchaighdeán a sholáthar go náisiúnta.

Thar ceann an Bhoird ba mhaith liom buíochas a ghabháil le hIontaobhas Carthanachta na hOtharlainne Carthanachta, leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte as a dtacaíocht leanúnach. Tá an t-ádh orainn grúpa bainisteoirí agus foirne a bheith againn atá fuinniúil agus dírithe ar agus tiomanta don obair. Faoi stiúir an Bhoird agus an Bhainisteora Ghinearálta, Sheila Heffernan, cuireann an fhoireann seo ar ár gcumas tógáil ar a bhfuil bainte amach againn. Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh le mo chomhghleacaithe ar an mBord, leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann as an sár -obair atá déanta acu.

Denis P. McCarthy
Cathaoirleach
Samhain 2009

Tuarascáil an Bhainisteora Ghinearálta

In 2008, is iad na doiciméid ríthábhachtacha a leanann de bheith ag cur bonn faoi straitéisí agus phleananna le haghaidh ár mBoird ná An Straitéis Sláinte, Cáilíocht agus Cothroime –Córas Sláinte Duitse, An Baile a Bhaint Amach--Plean gníomhaíochta le haghaidh daoine gan dídean i mBaile Átha Cliath 2004-2006 agus An Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí 2001-2008. Ceangailte le Straitéis ár mBoird 2005-2010 leanamar ag tógáil ar ár tseirbhísí atá ann cheana féin trí chláir de cháilíocht fheabhsaithe le linn dúinn a bheith ag stiúradh agus ag treorú maidir le scothchleachtas. Le linn 2008 cuireadh tús ar athbhreithniú ar an Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí. Bhí ionadaíocht ag ár mBord sa phróiseas seo agus táimid ag tnúth lena fhoilsiú deiridh in 2009.

In 2008 chuireamar in iúl tríd an gCóras Náisiúnta um Thuairisciú Drugaí go ndearnamar measúnú ar nó gur thugamar cóireáil do 1,108 cliant. Ní raibh aon athrú suntasach i bpróifíl aoise cliant ag freastal ar ár tseirbhísí in 2008 agus d'fhan an cóimheas idir fhireannaigh agus bhaineannaigh ag 2:1. Laistigh den phróifíl aoise do chliaint a ndearnadh measúnú orthu nó ar tugadh cóireáil dóibh ag ár tseirbhís tá 57.5% díobh thar 30 bliain d'aois.

In 2008 rinneadh 593 coinní seachtracha le haghaidh measúnuithe síciatracha san iomlán. Fanann codlaidínigh mar an phríomhfhadhb substainte le haghaidh cásanna a ndearnamar measúnú orthu nó ar thugamar cóireáil dóibh in 2008. Laghdaigh líon na ndaoine óga faoi bhun 19 mbliain d'aois a ndearnadh measúnú orthu nó ar tugadh cóireáil dóibh in 2008 don chéad uair le 4 bliain anuas (37 in 2005, 52 in 2006, 56 in 2007 agus 44 in 2008).

In 2008 leanamar ag cur lenár gcaidreamh oibre le gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha eile.

I measc bhuaicphointí na ngnóthachtálacha a baineadh amach le linn 2008 tá leanúint lenár dtionscnamh tógála a chlúdaigh athchóiriú ar ár bhfoirgneamh agus ardaitheoir nua a chur isteach. Lean an obair i rith na bliana agus í uile ar siúl laistigh d'fhoirgneamh a bhí ag feidhmiú. Baineadh é seo amach trí obair a chríochnú urlár i ndiaidh urláir le cabhair ón bhfoireann agus ó na cliaint go léir. San áireamh san obair bhí athlonnú ár tSaotharlainne ó Bhealtaine go Meán Fómhair. Le linn na tréimhse seo chuireamar ár gcreidiúnú don chaighdeán ISO/IEC 17025 ar fionraí go deonach i gcaitheamh an athlonnaithe. I ndiaidh cuairt fhaire ó INAB i nDeireadh Fómhair tugadh ár gCreidiúnú ar ais ar 17 Deireadh Fómhair 2008.

Sásaíonn i gcónaí forbairt leanúnach ár gcóras ordaithe leictreonach othar, feabhsuithe ar ár gCórais Theicneolaíocht Eolais ginearálta agus na feabhsuithe sin laistigh den Liosta Cóireála Lárnach na spriocanna atá leagtha amach in ár Straitéis ICT. San áireamh sna pleananna do 2009 tá críoch a chur le modúil chóras leictreonach othar a chabhróidh tuilleadh le cúram cliant agus rialú cliniciúil.

Reachtáil ár gClár do Dhaoine Óga (YPP) Clár Soilíosach um Bhainistiú Teagmhais 13 Seachtain i gcomhar le Hayes Cunningham, Dlíodóirí, áit ar roghnaigh gach rannpháirtí (cliant) carthanas agus thuill sé/sí airgead trí phointí a tugadh as rannpháirtíocht gníomhach a ghlacadh ina bplean cóireála. Le linn an cláir tuilleadh

€3,115 in iomlán do réimse carthanas ar a n-áirítear Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí, Fundúireacht Jack & Jill agus Ospidéal Shráid an Teampaill do Leanaí trí fhreastal ar sheisiúin chomhairliúcháin, trí staonadh a léiriú (deimhnithe ag anailís fuail) agus trí spriocanna a bhí sonrach dá bplean cúraim ar leith a bhaint amach. Ansin, bhronn na cliaint seic den mhéid iomlán a thuill siad féin ar an gcarthanas a roghnaigh siad. D'éirigh thar barr leis an tionscnamh agus tá ár mBord an-bhuíoch do Hayes Cunningham as a dtacaíocht.

Le linn 2008, thosaíomar ar pháirt a ghlacadh i dtriail chliniciúil idirnáisiúnta a ceapadh chun a léiriú nach mbíonn cliaint atá i dtuilleamaí opioid, agus atá ag lorg cóireála le haghaidh a n-andúile, a chuirtear díreach ar Subocón gan a bheith chomh maith le Subútec a ghlacadh ar dtús agus Subocón ansin. Leanfar leis an staidéar seo in 2009.

Leanamar ag bainistiú an Liosta Cóireála Lárnach (seirbhís náisiúnta chun cuntas a choimeád ar na cliaint uile ar ordaíodh meatadón dóibh agus chun iad a phróiseáil). Ó 1998, tá méadú ó 5,403 in 1998 go 10,203 in 2008 i líon na gcliant atá á bpróiseáil ag an tseirbhís seo. San áireamh sna forbairtí atá pleanáilte do 2009 tá ár Liosta Cóireála Lárnach maidir le ceapadh agus forbairt bhunachar sonraí do Staidéar Féidearthachta le haghaidh Subocón i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Soláthróidh an bunachar sonraí sonraí bailí, tráthúla agus inchomparáide do pháirtithe leasmhara.

Seirbhísí Siúil Isteach don Chéad Uair/Éigeandála

Tríd ár tseirbhís mheasúnú siúil isteach don chéad uair/éigeandála rinneamar 248 measúnuithe le linn 2008 agus ba mhéadú de 62% é seo ar 2007. San áireamh sna tairbhithe tá rochtain dhíreach ar sheirbhísí measúnaithe do lucht mí-úsáide drugaí agus deis chun seirbhísí iomchuí a phleanáil bunaithe ar riachtanais chliant.

Tugadh 2,724 cuairt in iomlán ar ár tSeomra Súgartha le haghaidh Leanaí in 2008. Sa treis anseo bhí oibriú le 159 leanaí ar leith agus 109 teaghlach. Tar éis an rath a bhí ar chláir an tsamhraidh roimhe leanamar leis an tionscnamh seo a raibh an- tóir air. Clúdaithe sna cláir seo bhí cuairteanna chuig an bpictiúrlann agus ar tarraingtí timpeall ar limistéar Bhaile Átha Cliath. Le linn gach ceann de na turais seo lean an seomra súgartha, mar sheirbhís riachtanach, ar oscailt le go bhfreastalódh leanaí eile air. D'eagraíomar ócáidí intí chomh maith, ar a n-áirítear tóraíochtaí taisce, laethanta spóirt agus cáirióice. Chuir an Dry Ice Company taispeántas i láthair arís ag ár bhfleá na Nollag le haghaidh leanaí. Bhain na leanaí agus na tuismitheoirí araon an-taitneamh as. In 2008 fuaireamar deonacháin de bhronntanais na Nollag do na leanaí ó fhoireann Intel agus an Irish Times. Táimid an-bhuíoch as a dtacaíocht.

Tacaíonn ár gCoiste Eitice, a bunaíodh in 2002, lenár rannóg thaighde. Is é an ról atá aige ná comhairle a thabhairt agus moltaí a dhéanamh maidir le taighde cliniciúil laistigh de Bhord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí agus ó ghníomhaireachtaí eile ar a n-áirítear Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, na hospidéil dheonacha agus na hinstitiúidí tríú-leibhéal. Bualann an Coiste le chéile gach ráithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar agus chun breith a thabhairt faoi mholtaí taighde éagsúla. Le linn 2008, rinneadh athbhreithniú ar 14 moladh. Tá ionadaíocht ar an gCoiste ó lucht liachta, dlí, altranais, bainistíochta agus tuata.

Aithníonn an Bord a dtacaíocht, a ndíograis agus a dtiomantas d(h)eonach. Aithníonn an Bord, ach go háirithe, an Breitheamh Donacha Ó Buachalla ina chumas mar Chathaoirleach ar an gcoiste.

In ainneoin sriantachtaí buiséid tá áthas orainn a thuairisciú gur fhorbraíomar seirbhís mar fhreagairt ar an méadú leanúnach in úsáid cócaoin. Is le haghaidh daoine nach n-údáideann codlaidínigh agus nach mbíonn ag freastal ar sheirbhísí cóireála atá ann cheana féin atá an tSeirbhís Chócaoin/ Spreagthaigh (CSS i mBéarla) seo. Tá an tseirbhís seo ag feidhmiú anois agus tá an tsamhail chóireála atá á húsáid bunaithe ar fhianaise agus dírithe ar riachtanais cliaint na seirbhíse agus a dteaghlach a shásamh. Cuirtear an tseirbhís seo ar fáil amach ón láthair i socrúchán liachta.

Faoi mar a thuairiscigh ár gCathaoirleach d'fhógair an tAire Airgeadais, Briain Ó Luineacháin, ina bhuiseád go raibh sé ar intinn aige faoi Bhille Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) ár mBord a chumascadh le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in 2010.

Chun na críche sin is é atá ar intinn againn ná oibriú chun a chinntiú go leanfaidh an leibhéal saineolais agus feasa a d'fhorbair ár n-eagraíocht thar an 40 bliain atá imithe thart chun cur le forbairt pholasaí agus chleachtas i dtaca le cóireáil dhrugaí.

Tá fostú leanúnach ár bhfoirne ríthábhtachtach laistigh den chumasc seo agus le cosaint na reachtaíochta aistreoidh an fhoireann go léir mar fhostaithe chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi aistriú gnóthas. Le linn na hidirthréimhse oibreoidh mise, in éineacht lenár bhfoireann bhainistíochta fheidhmiúcháin, ar son na foirne chun trasdul gan tuisliú chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a chinntiú.

Thar ceann an Bhoird, na bainistíochta agus na foirne, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le hIontaobhas Carthanachta na hOtharlainne Carthanachta, leis an Roinn Sláinte agus Leanaí, le Gníomhaireacht na n-Éileamh Stáit, le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus le Seirbhísí Roinnte Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte as a dtacaíocht leanúnach. Tá an cuspóir céanna againn chun turas an othair/an chliaint a fheabhsú agus chun timpeallacht oibre níos fearr a chur ar fáil don fhoireann. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt chomh maith d'Ospidéal San Séamas, do Chuan Dara, Ospidéal Úllord na Silíní, agus do Bharda Naomh Mhichíl, Ospidéal Beaumont, agus ina dteannta sin dár bpáirtnéirí iomadúla san earnáil Dheonach agus Reachtúil, don phobal áitiúil, do na gnóthais agus do na soláthróirí seirbhíse eile sa phobal. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith leis an gCathaoirleach agus leis an mBord as a dtacaíocht leanúnach le linn 2008.

Sheila Heffernan
Bainisteoir Ginearálta
Samhain 2009

Tuarascáil an Stiúrthóra Chliniciúil

In 2008 in éineacht le mo chomhgleacaithe comhairleacha, An Dr. Eamon Keenan, An Dr. Brion Sweeney, An Dr. Siobhan Rooney. An Dr. Bobby Smyth, An Dr. Gerry McCarney agus an Dr. Mike Scully leanamar ag oibriú go dlúth chun an tseirbhís is fearr is féidir a chur ar fáil.

D'fhorbraíomar seirbhís chócaoin/spreagthaigh do dhaoine nach n-úsáideann codlaidínigh agus nach mbíonn ag freastal ar ionaid chóireála atá ann cheana féin agus nach mbíonn i dtuilleamaí ar chodlaidínigh. Tá an modúl cóireála a úsáidtear bunaithe ar fhianaise agus dírithe chun freastal ar riachtanais chliaint na seirbhíse agus a dteaghlach. Tá cuid mhaith fhianaise sa litríocht go bhfuil Teiripe Chognaíoch Iompraíochta agus Scileanna Cognaíocha Iomraíochta chun Déileáil le Deacrachtaí éifeachtach le haghaidh cóireála i gcás mhí-úsáid substaintí i gcoitinne, ach go háirithe le cliaint atá i dtuilleamaí cócaoin. Glactar le daoine a atreoirítear chun na seirbhíse ó raon leathan foinsí. Cuirtear an tseirbhís ar fáil gan aon chostas díreach ar úsáideoir na seirbhíse. Maíonn fianaise reatha go bhfuil cócaon á úsáid go forleathan i sochaí na hÉireann agus tá fianaise éigin ann go bhfuil cnagchócaon á úsáid cé gur cosúil nach bhfuil sé seo forleathan faoi láthair. Mar sin féin, déanfar an tseirbhís a cumrú chun a chinntiú go bhféadfaidh sí freagairt do raon drugaí den chineál spreagthaigh mar is gá.

Mar thoradh ar fhorbairt ár gCóras Othar Leictreonach d'athraíomar go dtí córas cairte gan pháipéar in 2008, rud a chuir le cumarsáid, pleanáil agus cúram othar. Áirítear san fhormáid seo go bhfuil fáil ar thorthaí ónár tsaotharlann go leictreonach. Leanamar d'fhorbairt a dhéanamh ar an gcóras le go gcuireann sé le cúram othar agus le cosáin.

Le linn 2008, thosaíomar ar pháirt a ghlacadh i dtriail chliniciúil idirnáisiúnta a ceapadh chun a léiriú nach mbíonn cliaint atá i dtuilleamaí opioid, agus atá ag lorg cóireála le haghaidh a n-andúile, a chuirtear díreach ar Subocón gan a bheith chomh maith le Subútec a ghlacadh ar dtús agus Subocón ansin. Leanfar leis an triail seo in 2009 agus táimid ag tnúth lena torthaí.

Leanamar ag cur measúnuithe síciatracha seachtracha ar fáil ar son Cuan Dara, Ospidéal Úllord na Silíní, Barda Naomh Mhíchil, Ospidéal Beaumont, Ionad Rutland, Baile Átha Cliath, agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Tacaíonn an tseirbhís seo le tús a chur le hidirghabhálacha cóireála cuí agus éascaíonn sí cúram cliant a bhainistiú ag leibhéal áitiúil. Leanaimid chomh maith ag cur clúdach liachta 24 uaire an chloig ar fáil do Chuan Dara, Ospidéal Úllord na Silíní agus do Bharda Naomh Mhíchil, Ospidéal Beaumont.

Faoi mar a d'fhógair an tAire Airgeadais, Briain Ó Luineacháin, ina bhuiseád (Deireadh Fómhair 2008) go raibh sé ar intinn aige faoi Bhille Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) ár mBord a chumascadh le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in 2010, leanaimid a chinntiú go gcuirimid ár réimse leathan de shainsheirbhísí a forbraíodh thar an 40 bliain atá thart ar fáil.

Bhí an-tacaíocht ar fáil, mar a bhí riamh, ó Chathaoirleach ár mBoird, an tUasal Denis McCarthy, ó na Comhaltaí Boird agus ón mBainisteoir Ginearálta, Sheila Heffernan

Uasal, le linn 2008. Is mór agam tiomantas leanúnach fhoireann Bhord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí, fhoireann Bharda Naomh Mhichíl, Ospidéal Beaumont, agus fhoireann Chuan Dara, Ospidéal Úllord na Silíní.

Táim ag tnúth le bheith ag obair leo seo uile sa todhchaí.

An Dr. John O'Connor
Stiúrthóir Cliniciúil
Síciatraí Comhairleach i Mí-Úsáid Substaintí
Samhain 2009

Ag Soláthar

Prionsabail Sheachadadh Ár tSeirbhíse

Aontaíonn Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí leis na prionsabail mar atá siad leagtha amach ag an Straitéis Sláinte, Cáilíocht agus Cothroime: Córas Sláinte Duitse (2001), an Baile a Bhaint Amach-plean gníomhaíochta do dhaoine gan dídean i mBaile Átha Cliath 2004-2006 agus An Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí 2001-2008 tríd a leanas a chur ar fáil: seirbhís d'ardchaighdeán a sheachadadh, caighdeáin chomhsheasmhacha i dtaca le forbairtí nua a phleanáil agus struchtúr cuntasachta atá soiléir agus cuimsitheach. Tá pleananna cóireála bunaithe ar leanúnachas cúraim agus ar chur chuige an eochair-oibrí maidir le seirbhís gan uaim a sholáthar.

Mar shainsholáthróir seirbhíse tugaimid aghaidh ar réimsí de leithéid seo a leanas:

- Cinntiú go mbíonn na seirbhísí go léir cothrom, go mbíonn sé éasca rochtain a fháil orthu agus go mbíonn siad oiriúnach do riachtanais
- Comhionannas--aithnítear go bhfuil stádas comhionannais ag cliaint le gach cliant chúram sláinte eile agus caitear amhlaidh leo, agus rochtain acu ar sheirbhísí príomhshrutha
- Neamhspleáchas agus rogha
- Cosc agus cur chun cinn sláinte éifeachtach
- Lánstaonadh a bhaint amach, nuair is féidir é sin a dhéanamh
- Dochar a laghdú.

Tá déanamh agus seachadadh ár tseirbhísí dírithe ar chliaint agus ar a dteaghlaigh. Bímid i mbun comhairliúcháin d'ardleibhéal le cliaint ag comhshnaidhmiú tuairimí cliant i bhforbairtí seirbhíse nua, i bpleanáil straitéiseach agus i measúnú ar sheirbhísí atá ann cheana féin.

Feidhmímid i gcultúr trédhearcachta agus fhócas custaiméara agus cabhraímid le forbairt chaighdeán scothchleachtais níos leithne a bhunú agus, ar an dóigh sin, ag cinntiú go mbíonn riachtanais chustaiméirí agus cumarsáid leo mar thosaíocht i gcónaí.

Agus sinn ag oibriú i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha eile, leanaimid ag soláthar seirbhísí dóibh siúd a mbíonn deacracht acu rochtain a fháil ar sheirbhísí den sórt sin, lena n-áirítear daoine gan dídean/ar an imeall, daoine fásta óga, mionlacha eitneacha agus iad sin a bhfuil fadhbanna casta andúile acu.

Treochtaí 2008

Seirbhísí Cóireála	2008	2007	% +/-
Líon na ndaoine aonaracha ar tugadh seirbhís dóibh	1,968	1,852	+6.3%
Líon tinreamh bainteacha	119,876	119,343	+1.0%

In 2008, d'fhreastail 1,968 duine le haghaidh seirbhísí, agus den líon sin rinneadh measúnú ar 1,108 díobh nó glacadh iad isteach inár gcláir chóireála. Bhain an 744 cliant a bhí fágtha leas as raon seirbhísí lenar áiríodh cóireáil in ionad codlaidínigh, idirghabhálacha síciatracha, síceolaíochta agus socheolaíochta, cúram sláinte príomhúil, comhairleoireacht, tacaíocht in am an ghátair, comhairle agus faisnéis, malartú snáthaidí, seirbhísí chur chun cinn sláinte, tacaíocht theaghlaigh agus seirbhísí sheomra súgartha leanaí. Fanann an cóimheas idir fhireannaigh agus bhaineannaigh ar thart ar 2:1.

Próifíl inscne cásanna a ndearnadh measúnú orthu nó a tugadh cóireáil dóibh ag Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí in 2007 agus 2008

	2007		2008		
Inscne	**Líon**	**%**	**Líon**	**%**	**+-%**
Firinneach	737	69.4	774	69.9	
Baineannach	325	30.6	334	30.1	
Iomlán	1062	100.0	1108	100.0	

Foinse: Córas Tuairiscithe Náisiúnta um Chóireail Drugaí, an tAonad Taighde um Alcól agus Drugaí, Bord Taighde Sláinte

Próifíl Aoise Cásanna a ndearnadh measúnú orthu nó a tugadh cóireáil dóibh ag Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí in 2007 agus 2008

	2007		2008		
Aois	**Líon**	**Colún %**	**Aois**	**Líon**	**Colún %**
«16	4	.4	**16**	1	.1
16-19	52	4.9	**16-19**	43	3.9
20-29`	429	40.4	**20-29**	427	38.9
30-39	417	39.3	**30-39**	454	41.0
40+	160	15.1	**40+**	183	16.5
Iomlán	1062	100.0	**Iomlán**	1108	100.0

Foinse: Córas Tuairiscithe Náisiúnta um Chóireail Drugaí, an tAonad Taighde um Alcól agus Drugaí, Bord Taighde Sláinte

Stádas maireachtála cásanna a ndearnadh measúnú orthu nó a tugadh cóireáil dóibh ag Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí in 2008

Stádas Maireachtála	Líon	Colún %
Cóiríocht Sheasmhach	728	65.7
Institiúid (príosún, cúram cónaithe, teach leath bhealaigh)	15	1.4
Gan Dídean	254	22.9
Cóiríocht eile neamhsheasmhach	91	8.2
Ní fios	20	1.8
Iomlán	1108	100.0

Foinse: Córas Tuairiscithe Náisiúnta um Chóireail Drugaí, an tAonad Taighde um Alcól agus Drugaí, Bord Taighde Sláinte.

In 2008, d'aithin 254 cliant a ndearnadh measúnú orthu nó ar tugadh cóireáil dóibh iad féin mar dhaoine gan dídean. Is méadú de 73 (28.7%) é seo ar 2007. Freisin in 2008, laghdaigh líon na gcliant a dúirt go raibh siad i gcóiríocht sheasmhach ó 70.2% in 2007 go 65.7% in 2008.

Substaint leis an bhfadhb is mó ag baint léi do chásanna a ndearnadh measúnú orthu nó a tugadh cóireáil dóibh ag Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí in 2008

Substaint leis an bhfadhb is mó léi	Líon	Colún %
Alcól	6	.5
Beinsidé-asaipíní	2	.2
Cócaon	7	.6
Codlaidíneacha	1075	97.0
Substaintí eile	18	1.6.
Iomlán	1108	100.0

Foinse: Córas Tuairiscithe Náisiúnta um Chóireail Drugaí, an tAonad Taighde um Alcól agus Drugaí, Bord Taighde Sláinte

An dara fadhbshubstaint do chásanna a ndearnadh measúnú orthu nó ar tugadh cóireáil dóibh ag Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí in 2008

An dara fadhbshubstaint	Líon	Colún %
Alcól	25	2.3
Beinsidé-asaipíní	196	17.7
Cannabas	78	7.0
Cócaon	104	9.4
Codlaidíneacha	36	3.2
Substaintí eile	23	2.1
Dada	469	42.3
Measúnú amháin*	177	16.0
Iomlán	1108	100.0

Foinse: Córas Tuairiscithe Náisiúnta um Chóireail Drugaí, an tAonad Taighde um Alcól agus Drugaí, Bord Taighde Sláinte

* Maidir le cásanna a ndearnadh measúnú amháin orthu ní thuairiscítear ach an substaint leis an bhfadhb is mó léi.

Próifíl Inscne do chásanna nua* a tugadh cóireáil dóibh le haghaidh fhadhb-úsáid substaintí ag Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí in 2008

Inscne (cásanna nua)	Líon	Colún %
Fireannach	37	78.7
Baineannach	10	21.3
Iomlán	38	100.0

Foinse: Córas Tuairiscithe Náisiúnta um Chóireail Drugaí, an tAonad Taighde um Alcól agus Drugaí, Bord Taighde Sláinte

- Is cásanna nua iad cliaint nár tugadh cóireáil dóibh riamh cheana in aon áit d'fhadhb-úsáid drugaí nó alcóil.

Próifíl Inscne do chásanna nua* a tugadh cóireáil dóibh le haghaidh fhadhb-úsáid substaintí ag Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí in 2007

Inscne (cásanna nua)	Líon	Colún %
Fear	28	73.7
Bean	10	26.3
Iomlán	38	100.0

Foinse: Córas Tuairiscithe Náisiúnta um Chóireail Drugaí, an tAonad Taighde um Alcól agus Drugaí, Bord Taighde Sláinte

* Is cásanna nua iad cliaint nár tugadh cóireáil dóibh cheana in aon áit d'fhadhb-úsáid drugaí nó d'alcól.

Príomhshubstaint a tuairiscíodh do chásanna nua a tugadh cóireáil dóibh le haghaidh fhadhb-úsáid substaintí ag Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí in 2008

Príomh-fhadhbshubstaint (cásanna nua)	Líon	Colún%
Beinsidé-asaipíní	1	2.1
Cócaon	5	10.6
Codlaidíneacha	41	87.2
Iomlán	47	100.0

Foinse: Córas Tuairiscithe Náisiúnta um Chóireail Drugaí, an tAonad Taighde um Alcól agus Drugaí, Bord Taighde Sláinte

An dara substaint a tuairiscíodh do chásanna nua a tugadh cóireáil dóibh le haghaidh fhadhb-úsáid substaintí ag Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí in 2008

An dara fadhbshubstaint (Cásanna nua)	Líon	Colún %
Alcól	1	2.1
Beinsidé-asaipíní	8	17.0
Cannabas	11	23.4
Cócaon	3	6.4
Codlaidíneacha	1	2.1
Substaintí eile	2	4.3
Dada	21	44.7
Iomlán	47	100.0

Foinse: Córas Tuairiscithe Náisiúnta um Chóireail Drugaí, an tAonad Taighde um Alcól agus Drugaí, Bord Taighde Sláinte

Substaint leis an bhfadhb is mó ag baint léi trí bhealach a tógtha do chásanna nua a tugadh cóireáil dóibh le haghaidh fhadhb-úsáid substaintí ag Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí in 2008

Substaint leis an bhfadhb is mó ag baint léi trí bhealach a tógtha	Instealladh	Tabac	Ith/Ól	Bolú/Srann	Iomlán
Beinsidé-asaipíní	0	0	1	0	1
Cócaon	0	1	0	4	5
Codlaidíneacha	31	10	0	0	41
Iomlán	31	11	1	4	47

Foinse: Córas Tuairiscithe Náisiúnta um Chóireail Drugaí, an tAonad Taighde um Alcól agus Drugaí, Bord Taighde Sláinte

Próifíl aoise do chásanna 19 mbliana d'aois agus faoina bhun a ndearnadh measúnú orthu nó a tugadh cóireáil dóibh ag Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí in 2008

Aois	Líon	Colún%
14	1	2.3
16	8	18.2
17	11	25.0
18	10	22.7
19	14	31.8
Iomlán	44	100.0

Foinse: Córas Tuairiscithe Náisiúnta um Chóireail Drugaí, an tAonad Taighde um Alcól agus Drugaí, Bord Taighde Sláinte

Próifíl Inscne do chásanna 19 mbliana d'aois agus faoina bhun a ndearnadh measúnú orthu nó a tugadh cóireáil dóibh ag Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí in 2008

Inscne	Líon	Colún %
Fireannach	20	44.5
Baineannach	24	54.5
Iomlán	44	100

Foinse: Córas Tuairiscithe Náisiúnta um Chóireail Drugaí, an tAonad Taighde um Alcól agus Drugaí, Bord Taighde Sláinte

Liosta Cóireála Lárnach

Is éard atá sa Liosta Cóireála Lárnach, arna bhainistiú ag Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí, ná bunachar sonraí atá go mór faoi rún. I nDeireadh Fómhair 1998, tugadh reachtaíocht shonrach isteach a leag mar chúram ar chiaint a raibh cóireáil mheatadóin á fáil acu bheith ar chlár náisiúnta. Bíonn cothabháil an liosta in oiriúint le forálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1998 agus 2003.

In 2008, tugadh cóireáil mheatadóin do 10,213 cliant in iomlán in Éirinn. Tháinig 862 cliant in iomlán ar an liosta don chéad uair riamh, líon ab ionann is 8.4% den fhigiúr ar fad.

Le linn 2008 ba é an toradh a bhí leis an bhfeabhas ar an gcóras tuairiscithe ná anailís níos cuimsithí ar limistéir Oifigí Sláinte Áitiúla, tascfhórsaí áitiúla agus réigiúnda ag cabhrú maidir le bearnaí i soláthar seirbhíse a aithint agus aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sin ag féachaint d'fhianaise ar fáil faoin méid agus faoi limistéir shonraithe. Is acmhainn luachmhar í an Liosta freisin ag soláthar faisnéis don Innéacs Náisiúnta Báis atá bainteach le Drugaí, a seoladh in 2007. Leanann sé mar mheicníocht thábhachtach do ghníomhaireachtaí eile mar acmhainn do ghairmithe a bhíonn ag gabháil do chóireáil, chúram agus bhainistiú mhí-úsáid drugaí ar bhonn náisiúnta.

San áireamh sna forbairtí atá pleanáilte do 2009 tá ceapadh agus forbairt bhunachar sonraí do Staidéar Féidearthachta le haghaidh Subocón i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Soláthróidh an bunachar sonraí, sonraí bailí, tráthúla agus inchomparáide do pháirtithe leasmhara.

Líon na gCliant a bhfuil Meatadón á fháil acu in Éirinn
An Liosta Cóireála Lárnach

Bliain	Líon Iomlán na gCliant	% + -
2001	**7107**	
2002	**7596**	**+6.88%**
2003	**8155**	**+7.36%**
2004	**8364**	**+2.56%**
2005	**8962**	**+7.15%**
2006	**9428**	**+5.20%**
2007	**9760**	**+3.52%**
2008	**10213**	**+4.65%**

Foinse: An Liosta Cóireála Drugaí, Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí

Ag Stiúradh

Seirbhísí Heipitítis C --- Curtha faoi bhráid ag an Dr. Shay Keating Meitheamh 2009

Is é Heipitíteas C an cúis is coitianta d'ionfhabhtú víreasach ainsealach sa domhan thiar agus is í Úsáid Infhéitheach Dhrugaí an bealach is comónta d'ionfhabhtú. Aitheanta don chéad uair in 1991, bhí fáil ar ghnáththástáil in Éirinn in 1991 agus tugadh isteach é i mBord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí go gairid ina dhiaidh sin. Faoi láthair i mór limisteár Bhaile Átha Cliath creidtear go bhfuil leitheadúlacht Heipitítis C i measc an daonra a úsáideann drugaí de bhreis ar 70% den daonra sin, figiúr atá ag cur le figiúirí idirnáisiúnta. Den líon díobh le hionfhabhtú ainsealach meastar go mbeidh cirróis ae ag 20% díobh i gceann 20 bliain. Ina theannta sin, tá 6 phór (Géinitíopaí) de Heipitíteas C ar fud an domhain. Is Géinitíopa 1 agus Géinitíopaí 3 is comónta sa chóhort úsáid dhrugaí in Éirinn, i gcóimhéid.

Bunaíodh seirbhís fhaisnéise agus thástála shiúil isteach le haghaidh Heipitítis C in 1994. Feidhmímid í gach seachtain agus cuirimid seirbhís treasach atreoraithe ar fáil mar is cuí. Leanamid ag tabhairt eolais d'ár gcliaint maidir le Heipitíteas C, conas a thógtar é, conas is féidir ionfhabhtú a chosc agus cad is féidir a dhéanamh nuair atá othar ionfhabhtaithe. Leanann ár leabhrán, "Heipitíteas C: treoirleabhar d'úsáideoirí drugaí agus a dteaghlaigh" mar fhoinse eolais luachmhar dóibh sin a bhfuil heipitíteas C orthu, dá dteaghlaigh agus d'oibrithe cúramshláinte gairme.

Le 5 bliain anuas, tá feabhas an-mhór tagtha ar chóireáil do Heipitíteas C trí inteirféarón peigealáitithe agus ribavirín a úsáid i gcomhar. Tá an fhreagairt ar chóireáil ag brath ar an ngéinitíopa i gceist le suas le 90% dóibh siúd le géinitíopa 3 agus 50% le géinitíopa 1 ag cur an ionfhabhtaithe díobh. De ghnáth anois ní thairgtear bithóipsí ae dóibh siúd le géinitíopa 3 roimh chóireáil ach déantar i gcás iad siúd le géinitíopa 1. I ndiaidh gur éirigh go maith lenár dtionscnamh cóireála heipitítis C " ar an láthair" in 2003, táimid ag leanúint ag cur cóireáil Heipitítis C ar fáil do chliaint dheimhneacha a bhíonn ag freastal ar Bhord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí i gcomhpháirtíocht leis na seirbhísí um Galar Tógálach ag ospidéal San Séamas. Éascaíonn an tseirbhís seo bithóipsí ae ar na cliaint a bhíonn ag freastal ar Bhord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí nuair is gá sin i gcomhar leis an Rannóg Raideolaíochta in ospidéal San Séamas. Tairgtear cóireáil Heipitítis C go gach iarrthóir oiriúnach a bhíonn ag freastal ar Bhord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí cuma cén géinitíopa. Le linn 2008, ba é líon na gcliant a bhain leas as cóireáil Heipitítis C ná 45.

Reachtáladh Lá Chomhar Shláinte an Domhain ar 19 Bealtaine 2008. Mar chuid d'oideachas leanúnach faoin tsaincheist seo, tionóladh ceardlann oibre áit a raibh Dioscaí Digiteacha Ilúsáide agus ábhar oideachasúil ar fáil. In 2009, tá ar intinn againn an clár chóireáil Heipitís C a leathnú amach tuilleadh ag Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí. Leanfaimid ag tabhairt cinnireachta maidir le cúram a chur ar fáil d'úsáideoirí drugaí atá deimhneadh ó thaobh Heipitítis C le hoideachas agus tionscnaimh thacaíochta leanúnach(a) agus le cóireáil liachta don ionfhabhtú.

Clinic Warfarin

Is iarmhairtí liachta go minic iad trombóis dhomhainfhéitheach agus eambólas scamhógach d'úsáid infhéitheach dhrugaí. Teastaíonn friththéachtadh le warfarin uathu go minic. Chun monatóireacht a dhéanamh ar fhola cliant agus leanúint le cóireáil warfarin thugamar isteach clinic warfarin ar an láthair in 2002. Chruthaigh an tionscnamh seo thar barr.

Clinic Shláinte Gnéis

Reachtálaimid Clinic Shláinte Gnéis ag Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí i gcomhpháirtíocht leis an bhFeidhmeannas um Mhíochaine Úraiginitiúil agus Ghalar Tógálach (G.U.I.D.E. sa Bhéarla). Is é an cuspóir atá ag an gclinic ná feasacht maidir le sláinte ghnéis a chur chun cinn, oideachas a chur ar fáil, scagadh iomlán a dhéanamh maidir le hionfhabhtuithe gnéas-traiseolta agus cóireáil a dhéanamh ar ionfhabhtuithe mar is gá. Tairgimid tástáil thráthúil smeartha as muineál na broinne freisin mar is cuí. Déantar atreorú chuig seirbhísí cuí nuair is gá agus déantar faisnéis agus aimsiú teagmhála maidir le hionfhabhtuithe gnéas-traiseolta ar dhóigh rúnda.

Clár do Dhaoine Óga (YPP)

Leanann an Clár do Dhaoine Óga ag tabhairt cóireála d'úsáideoirí drugaí atá anordúil, ógánta agus a úsáideann codlaidínigh go príomha. Shínigh na limistéir gheografacha in 2008 ó thuaidh agus ó dheas araon toisc nach raibh seirbhísí cóireála ar fáil do dhaoine óga i limistéir Chill Dara agus Dhún Dealgan/ Dhroichead Átha ach go háirithe. In 2008, chonachtas freisin gur tugadh isteach cóireáil shíceolaíoch dóibh siúd nach n-úsáideann codlaidínigh ar bhonn eisothair, ag baint úsáide as na seirbhísí SASSY agus YODA i gCearnóg Mhóinseó agus i dTamhlacht faoi seach.

I measc na gcuspóirí a sásaíodh i rith na bliana bhí na cinn a leanas:

- Oiliúint foirne i Leanaí sa Chéad Áit
- Caidreamh oibre forbartha leis an gCigire d'Oifigigh Theagmhála d'Ógánaigh
- Turais Ghníomhaíochta
- Club Irise
- Scéim na nÉarlaisí
- Clúdaíodh a leanas sna socrúcháin do mhic léinn a soláthraíodh i rith na bliana: Cúram Sóisialta, Altranas agus Síceolaíocht.

D'eagraigh an Clár do Dhaoine Óga cúig thuras dár ndaoine óga in 2008 ar a n-áirítear: an músaem nua-ealaíne, músaem stair an dúlra, an chuairt steallóige Lochlannach, Zú Átha Cliath agus lá ag an bpictiúrlann. D'fhreastail mic léinn ealaíne gach Luan agus Déardaoin san iarnóin ó 2pm go 4pm. Leanadh le Rialú Struis Iomlánaíoch agus Ealaín Mhósáice gach Luan agus Céadaoin san iarnóin.

D'óstail an Clár do Dhaoine Óga Maidin Oscailte ar 2 Iúil 2008, d'fhreastail gníomhaireachtaí reachtúla, deonacha agus pobail éagsúla air as a dtáinig líon méadaithe cliant a atreoraíodh le haghaidh cóireála. Reachtáil an Clár do Dhaoine Óga (YPP) Clár Soilíosach um Rialú Teagmhais 13 Seachtain i gcomhar le Hayes Cunningham, Dlíodóirí, áit ar roghnaigh gach rannpháirtí (cliant) carthanas agus thuill sé/sí airgead trí phointí a tugadh as rannpháirtíocht gníomhach a ghlacadh ina bplean cóireála. Le linn an cláir tuilleadh €3,115 in iomlán do réimse carthanas ar a n-áirítear Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí, Fundúireacht Jack & Jill agus Ospidéal Shráid an Teampaill do Leanaí. Thuill siad airgead do charthanas trí fhreastal ar sheisiúin chomhairliúcháin, trí staonadh ó dhrugaí aindleathacha a léiriú (deimhnithe ag anailís fuail) agus trí spriocanna a bhí sonrach dá bplean cúraim ar leith a bhaint amach. Ansin, bhronn na cliaint seic den mhéid iomlán a thuill siad féin ar an gcarthanas a roghnaigh siad. D'éirigh thar barr leis an tionscnamh agus tá ár mBord an-bhuíoch do Hayes Cunningham as a dtacaíocht.

Sán áireamh i dtionscnaimh don chlár sa todhchaí tá a leanas:

- Cúrsa Teastais i bhForbairt Phearsanta agus Scileanna Beatha
- Teiripe Dhráma
- Turais Ghníomhaíochta
- Grúpaí Sláinte, Oideachais agus Forbartha Phearsanta
- Oiliúint Foirne a clúdóidh Feasacht Chultúrtha agus Collaíocht Ógánta
- Meabhairshláinte dhearfach a chur chun cinn i gcónaí.

Tairgeann Seirbhísí Cóireála Liachta YPP a leanas:

- Clár Cobhsaithe
- Clár Díthocsainithe
- Cóireáil Mhalartach, i.e., Meatadón, Subocón
- Scagthástáil Víreasach
- Sláinte Ghnéis a Chur Chun Cinn
- Idirghabháil Laghdú Dochair
- Saineolas agus Tacaíocht Altra
- Scrúdú um Shláinte Fhisiciúil
- Atreorú chuig Seirbhísí Seachracha Cuí

Tairgeann Sainsheirbhísí YPP a leanas:

- Luath-Idirghabháil agus Plean Cóireála a cheapadh
- Measúnú síceolaíochta ag díriú ar thosca a bhaineann le mí-úsáid dhrugaí
- Idirghabhálacha síc-shóisialta a sholáthar ag tabhairt aghaidh ar mhí-úsáid dhrugaí agus ar shaincheisteanna atá bainteach léi
- Clinicí shláinte ghnéis
- Seirbhísí cnáimhseachais idirchaidrimh
- Obair shóisialta agus measúnú agus tacaíocht chúram leanaí
- Comhairle
- Clár na n-Éarlaisí
- Tacaíocht fhor-rochtana
- Teiripeacha comhlántacha

Ag Cur ar an Eolas
Saotharlann Náisiúnta Anailís Drugaí

Is í saotharlann Bhord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí an príomh-ionad thástáil drugaí mí-úsáide sa tír. Le taithí 40 bliain beagnach, is sinne an sainsholáthraí is mó le haghaidh drugaí mí-úsáide a scagadh do sheirbhísí chóireáil dhrugaí go náisiúnta. Soláthraímid seirbhís náisiúnta do Sheirbhísí Andúile Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, d'ospidéil, do Dhochtúirí Teaghlaigh, d'eagraíochtaí deonacha, don Roinn Oideachais (ionaid choinneála ógánta) don tSeirbhís Phomhaidh, don tSeirbhís Chúirteanna, do Chomhairle na nDochtúirí Leighis, don Bhord Altranais agus do rannóga shláinte cheirde éagsúla.

Is saotharlann ard-éifeachtach sinn a dhéanann breis is 1,000,000 tástálacha scagtha imdhíon-mheas (immunoassay sa Bhéarla) agus thart ar 6,800 anailisí deimhnitheacha in aghaidh na bliana faoi láthair. Glacaimid páirt ghníomhach freisin ar an gCoiste Luathrabhaidh agus Treochtaí ag Teacht chun Cinn de chuid an Choiste Chomhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí.

Táimid creidiúnaithe ag Bord Creidiúnaithe Náisiúnta na hÉireann go dtí caighdeán ISO/IEC 17025. Clúdaíonn scóip ár gCreidiúnaithe scagadh tocsaineolaithe Codlaidíneach trí imdhíon-mheas, 6-AM (Meitibilít Hearóin), Cócaon, Cannabainóidí (Cannabas), Amfataimíní agus a gcuid díorthach, Benzodiazepíní, EDDP ((Meitibilít Mheatadóin), Alcól agus Creatinín. (Scóip INAB 169T)

Áirítear a leanas i measc na dteicnicí anailíseacha a úsáideann an tsaotharlann: Imdhíon-mheas (Immunoassay sa Bhéarla), Leacht Crómatagrafaíochta - Oll-Sprectoméadar (LC-MS sa Bhéarla), Gás Crómatagrafaíochta - Oll- Sprectoméadar (GC-MS sa Bhéarla) agus Measúnacht Imdhíonsúiteachta Einsímnasctha (ELISA).

Áirítear a leanas i measc ár ngnáthraon de thástáil dheimhnitheach de shamplaí fuail: Codlaidínigh, Zopiclón, Benzodiazepíní agus Buprenorfín. Tá modhanna i bhfeidhm chomh maith chun anailís a dhéanamh ar dhrugaí den chineál Amfataimíne (ar a n-áirítear Benzylpiperaziní), Cnag-Chócaon, Mirtazepinín agus Olanzapín.

Ar 6 Bealtaine 2008 athlonnaíodh ár tsaotharlann go sealadach go dtí 32 Sráid an Phiarsaigh chun oibreacha tógála riachtanacha inár bpríomhfhoirgneamh a éascú. Chuireamar ár gcreidiniú don chaighdeán ISO/IEC 17025 ar fionraí go sealadach ar feadh thréimhse an athlonnaithe. D'fhill an tSaotharlann go dtí ár tsaoráid nua-chóirithe ar 10 Meán Fómhair 2008. Tar éis chuairt fhaireacháin ó INAB ar 13 Deireadh Fómhair, dheimhnigh INAB dúinn go raibh ár gcreidiniú tugtha ar ais dúinn ar 17 Deireadh Fómhair 2008.

Tábla 1: Analaisí a rinne an tsaotharlann le linn 2008

Nóta: Coimeádadh leanúnachas seirbhíse agus aschur anailíseach le linn athlonnú sealadach na saotharlainne.

Scagadh	**Líon na dTástálacha 2007**	**Líon na dTástálacha 2008**
Líon iomlán na samplaí fuail a scagadh trí imdhíon-mheas	155,766	158,386
Iomlán na dtástálacha (scagadh trí imdhíon-mheas)	825,359	1,007,201
Leibhéil Mheatadóin i bhFuil (ELISA)	336	125
Scagadh – Líon iomlán trí imdhíon-mheas	**825,695**	**1,007,326**
Anailís Dheimhnitheach		
Idirdhealú Codlaidínigh trí LCMS (4 dhruga)	289	247
Idirdhealú Benzodiazepíní trí GC-MS (5 dhruga)	2,130	1,150
Zimovane aitheanta trí LCMS	664	364
Buprenorfín aitheant trí LCMS		158
Benzylpiperazín		664
Iomlán trí anailís dheimhnitheach	**3041**	**2,472**

Mórghníomhartha a Baineadh Amach 2008:

- Athlonnaídh an tsaotharlann go sealadach chun oibreacha athchóirithe tógála a éascú. Trí dhianphleanáil baineadh an t-athlonnú seo agus an t-athchur go dtí inár tsaotharlann athchóirithe amach agus fad ár tseirbhís leanúnach á cóinneáil do chliaint ar feadh thréimhse na n-oibreacha.

- Thug INAB ár gCreidiúnú go dtí an caighdeán ISO 17025 ar ais tar éis dúinn ár gCreidiúnú a chur ar fionraí go sealadach ar feadh thréimhse athlonnaithe gairide na saotharlainne chun na hoibreacha a éascú.

- Bhí ionadaíocht ag ár tsaotharlann ar an gCoiste Luathrabhaidh agus Treochtaí ag Teacht chun Cinn de chuid an Choiste Chomhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí.

- Bhí ionadaíocht ag ár tsaotharlann ag cruinnithe de Chomhlachas Idirnáisiúnta na dTocsaineolaithe Dlí-eolaíochta, de Chumann na dTocsaineolaithe Dlí-eolaíochta agus de Ghréasán Dlí-eolaíoch Tocsaineolaíochta de chuid na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann.

- Tá ár mBithcheimicí Sinsearach mar Ionadaí Réigiúnach na hÉireann do Chomhlachas Idirnáisiúnta na dTocsaineolaithe Dlí-eolaíochta.

- Forbraíodh ár gcumas LCMS chun Amfataimíne a aithint mar aon leis an ábaltacht chun Benzylpiperazín a aithint.

- Rinneadh suirbhé ar thástálacha ag léiriú úsáid dhrugaí de chineál Benzylpiperazín i measc lucht freastail ar Bhord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí.

- Tosaíodh le feidhm a thabhairt do chóras tuairisce leictreonaí bunaithe ar an ngréasán de thorthaí Saotharlainne le haghaidh custaiméirí. Tabharfaidh sé seo rogha do chustaiméirí rochtain a fháil ar a gcuid torthaí níos tapúla.

Coiste Eitice

Tugann ár gCoiste Eitice, a bunaíodh in 2002, tacaíocht dár rannóg thaighde. Is é an ról atá aige ná comhairle a thabhairt agus moltaí a dhéanamh maidir le taighde cliniciúil laistigh de Bhord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí agus ó ghníomhaireachtaí eile ar a n-áirítear Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, na hospidéil dheonacha agus na hinstitiúidí tríú-leibhéal. Bualann an Coiste le chéile gach ráithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar agus chun breith a thabhairt faoi mholtaí taighde éagsúla. Le linn 2008, rinneadh athbhreithniú ar 14 moladh.

Tá ionadaíocht ar an gCoiste ó lucht liachta, dlí, altranais, bainistíochta agus tuata. Aithníonn an Bord a dtacaíocht, a ndíograis agus a dtiomantas d(h)eonach. Aithníonn ár mBord an Breitheamh Donacha Ó Buachalla ina chumas mar Chathaoirleach ar an gCoiste ach go háirithe.

Taighde

Tá taighde mar chuid dhílis dár gcuid oibre i gcónaí. Tríd ár gcleachtas cliniciúil agus le cuidiú an tsaotharlann anailís dhrugaí ar an láthair, scéimeanna oiliúna le haghaidh fostaíochta agus ár n-oiliúint do Shíciatraithe Comhairleacha le taithí fhairsing san earnáil, is í ár n-aidhm tús áite a ghlacadh maidir le forbairtí nua sa réimse andúile, sonraí a chur ar fáil ar éifeachtaí polasaí agus tionchar a bheith ar chleachtas chóireáil drugaí sa todhchaí.

In 2008, rinne ár mBord an taighde seo a leanas:

1) Measúnú ar riachtanais agus ar chaighdeán saoil úsáideoirí cócaoin atá ar chóireáil chothabháil mheatadóin. Ag eascairt as an méid sin thuas cuireadh póstaer i láthair ag Coláiste Shiciatracht na hÉireann agus ag Dámh na nAndúilí i nDún Éideannn. Tá roinnt foilseachán bhreise arna mbeartú ón taighde seo agus tá siad á ndréachtadh faoi láthair.

2) Ullmhúchán do " Staidéar Feidhmiúil maidir le Frith-Rialú in Úsáideoirí Codlaidíneach agus ina Siblíní nach n-úsáideann iad". Is comhstaidéar taighde é seo idir Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí agus an Scoil Shíceolaíochta i gColáiste na Tríonóide.

3) Tá staidéar píolótach ar siúl sa Chlár do Dhaoine Óga ag scrúdú soilís agus rialú teagmhais.

4) Tá páipéar faoi "Comhthéacs agus cúinsí atá bainteach le titim ar lár tar éis díthocsainithe chónaithe i bpobal Éireannach óthar atá andúilmhar ar chodlaidínigh" á scríobh faoi láthair le cur faoi bhráid le haghaidh a fhoilsithe in 2009.

5) "Titim ar lár agus athiompú tar éis chóireáil othair istigh le haghaidh spléachas codlaidíneach". Tá cur faoi bhráid an pháipéir seo dlite le haghaidh a fhoilsithe in 2009.

6) Tá rannpháirtíocht i gclár taighde inmheánach agus le Seirbhísí Andúile Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar éifeachtacht Scileanna Cognaíocha Iomraíochta chun Déileáil le Deacrachtaí agus úsáid Chócaoin ar siúl.

Triail Chliniciúil Subocón

In 2008, tosaíodh ar pháirtíocht i dtriail chliniciúil idirnáisiúnta Subocón a ceapadh chun a léiriú nach mbíonn cliaint atá i dtuilleamaí opioid, agus atá ag lorg cóireála le haghaidh a n-andúile, a chuirtear díreach ar Subocón gan a bheith chomh maith le Subútec a ghlacadh ar dtús agus Subocón ansin. Leanfar leis an triail seo in 2009.

Eolas a Scaipeadh

Bíonn páirt thábhachtach oideachasúil i gcónaí ag ár tsaoráidí leabharlainne chomh maith le rochtain a thabhairt d'fhostaithe agus do mhic léinn mar chuid dá n-oideachas leanúnach. Leanann an tseirbhís de bheith ar fáil do ghairmithe a bhíonn ag

iarraidh teacht ar shain-irisí agus ar shain- fhoilseacháin. Freisin, fuaireamar iarratais fhoirmiúla ar eolas faoi andúil ó mhic léinn, ó thuismitheoirí, ó sholáthraithe seirbhíse eile agus uathusan a mbíonn baint acu le mí-úsáid shubstaintí.

Tá páipéir thaighde arna gcur amach ag Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí agus acusan a bhfuil baint acu lenár n-eagraíocht ar fáil ar ár láithreán gréasáin. http://www.addictionireland.ie/research_training/publications.asp

Ag Cothú

Seirbhísí Cliniciúla

Soláthraimid sainsheirbhís chóireála d'úsáideoirí drugaí agus bímid de shíoraí ag cur ár tseirbhísí in oiriúint le freastal ar riachtanais chliant. Le linn 2008, fuair 1,968 duine aonair seirbhísí arna dtacú ag foireann ildhisciplíneach le hardscileanna agus le taithí mhaith acu faoi cheannas ár tSíciatraithe Comhairleacha i mí-úsáid shubstaintí.

Freisin tugaimid seirbhís chomhairleach agus thacaíochta náisiúnta do ghairmithe a bhíonn ag gabháil do chóireáil, chúram agus bhainistiú mhí-úsáid drugaí. Tacaítear sa bhreis leis sin trí pholasaithe, nósanna imeachta agus phrótacail a scaipeadh maidir le scothchleachtas agus idirghabhálacha liachta agus teiripeacha.

Sainsheirbhísí Cliniciúla

Measúnú Síciatrach agus Liachta Ghinearálta
Clinic Dédhiagnóise
Cosc agus Cóireáil Ionfhabhtuithe Víris
Cnáimhseachas Idirchaidrimh
Clinic Shláinte Gnéis
Clinic Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde do Dhaoine Fásta

Seirbhísí Chóireáil Liachta

Díthocsainiú (othair chónaitheacha agus eis- othair)
Cláir Chothabháil Mheatadóin
Cláir Chobhsaithe
Cúram Príomhúil
Faire ar Aicíd Fola/Víris
Clár Chóireáil Heipitítis C ar an láthair
Clár Laghdú Dochair
Clinic Warfarin

Measúnú Ginearálta/Síciatrach

Is fada atá comh-easláine shíciatrach aitheanta mar fhadhb rídheacair maidir le cóireáil, cúram agus bainistiú othar a bhfuil stair mhí-úsáid shubstaintí acu. Léiríonn taighde a rinneadh ag Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí gur shroich 50% de dhaoine CDT (Critéir Dhiagnóiseacha Taighde) i gcás thinneas dúlagair ag tráth éigin dá saol caite.

In 2008, rinneadh 593 coinne le haghaidh measúnuithe síciatracha seachtracha ar an iomlán. Tá fás i gcónaí ar an éileamh ar an tsainsheirbhís mheasúnaithe/ thacaíochta seo. Rinneadh measúnuithe ar son Cuan Dara, Ospidéal Úllord na Silíní, Bharda Naomh Mhichíl, Ospidéal Beaumont, Ionad Rutland, Dochtúirí Teaghlaigh agus Feidmheannacht na Seirbhíse Sláinte. Thacaigh an tseirbhís seo le tús a chur le hidirghabhálacha cóireála iomchuí agus d'éascaigh sí bainistíocht a dhéanamh ar chúram daoine aonair ag leibhéal áitiúil.

Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde

Is mí-ord néar-fhorbraíochta é Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde a ghoilleann ar 4 –12% de pháistí. Leanann sé i ndaoine fásta i suas le 4.7% de chásannna (Kesler 2004). Tá hipirghníomhaíocht luaileach géar, easpa aire agus ríogacht de réir tréithe ann, rudaí a bhfuil lagú feidhmiúil mar thoradh orthu. Comhmhaireann Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde le mí-úsáid dhrugaí, imní nó mí-oird dhúlagair i suas le 75% de chásanna. Bíonn cásanna den chineál sin níos déine agus níos seasmhachaí, bíonn prognóis níos measa acu agus léiríonn siad ceangal níos láidre le heasnaimh chognaíocha seachas nuair a tharlaíonn ina n-aonar (Thapar 2006).

Bhunaíomar Clinic Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde do Dhaoine Fásta i bhFeabhra 2007. Is dé réir coinní a dhéantar measúnuithe agus déanann Cláraitheoir Sinsearach iad mar chuid dá seisiúin leasa speisialta faoi mhaoirseacht An Dr. John O'Connor, Stiúrthóir Cliniciúil.

Clinic Cócaoin/Spreagthaigh

D'fhorbraíomar seirbhís chócaoin/spreagthaigh do dhaoine nach n-úsáideann codlaidínigh agus nach mbíonn ag freastal ar ionaid chóireála atá ann cheana féin agus nach mbíonn i dtuilleamaí ar chodlaidínigh. Tá an cur chuige seo i gcomhréir le gníomhartha iomchuí an Straitéis Náisiúnta Dhrugaí.

Tá an modúl cóireála a úsáidtear bunaithe ar fhianaise agus dírithe chun freastal ar riachtanais chliaint na seirbhíse agus a dteaghlach. Tá cuid mhaith fhianaise sa litríocht go bhfuil Teiripe Chognaíoch Iompraíochta agus Scileanna Cognaíocha Iomraíochta chun Déileáil le Deacrachtaí éifeachtach le haghaidh cóireála i gcás mhí-úsáid substaintí i gcoitinne, ach go háirithe le cliaint atá i dtuilleamaí cócaoin. Glactar le daoine a atreoraítear chun na seirbhíse ó raon leathan foinsí. Cuirtear an tseirbhís ar fáil gan aon chostas díreach ar úsáideoir na seirbhíse. Maíonn fianaise reatha go bhfuil cócaon á úsáid go forleathan i sochaí na hÉireann agus tá fianaise éigin ann go bhfuil cnagchócaon á úsáid cé gur cosúil nach bhfuil sé seo forleathan faoi láthair. Leanann forbairt na seirbhíse le cinntiú go bhféadfaidh sí freagairt do raon drugaí den chineál spreagthaigh.

Cosc ar Ionfhabhtuithe Víris

Cuspóir bunúsach dár gcláir chóireáil dhrugaí is ea scaipeadh bhreoiteachtaí víris a chosc. Déantar an cosc, a sheachadtar trí sheirbhísí cliniciúla atá tiomanta don Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna (HIV sa Bhéarla) agus Heipitíteas a chosc agus a chóireáil, a bhaint amach trí dhianchlár vacsaínithe agus scagthástála, shnáthaidí a mhalartú agus chlár chur chun cinn sláinte. Is í an aidhm cóireáil éifeachach, d'ardchaighdeán atá dírithe ar an gcliant a sholáthar, arna tacú ag réimse sheirbhísí cúraim phríomúil agus ag dlúthchaidreamh le hospidéil ghinearálta agus le seirbhísí síciatracha.

Seirbhísí Cúraim Phríomhúil

Tá ár gcuid seirbhísí cúraim phríomhúil ceaptha chun

- Sláinte agus leas cliant a chur chun cinn trí chomhairle, eolas agus chláir oideachais a sholáthar.

- Idirghabháil a dhéanamh go luath i mbreoiteacht agus, ar an dóigh sin, laghdú a dhéanamh ar an mbaol go dteastódh go géar ón duine dul isteach san ospidéal.

- Leanúnachas cúraim a chur ar fáil i gcomhar le hospidéil liachta ghinearálta agus ospidéil shíciatracha, ospidéil mháithreachais, dochtúirí teaghlaigh agus réigiúin de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

- Comhchláir chúraim agus chóireála a sholáthar i gcomhar le heochairsheirbhísí.

Leanaimid ag soláthar raon seirbhísí ar a n-áirítear othrais, easpaí, gearrthaí agus cnéanna a chóiriú agus/nó comhuaimeanna a fhorchur nó a bhaint amach go dtí cógais shíceatrópacha agus ghinearálta a chur ar fáil. Chomh maith leis sin soláthraimid seirbhís a thugann sainchógais, e.g., instealltaí frith-théachtacha, faisnéis liachta ghinearálta, comhairle chothaithe agus monatóireacht mheáchain, agus a dhéanann monatóireacht ar na sainchógais sin. Ceann dár tseirbhísí cúraim phríomhúil ríthábhachtacha is ea maoirsiú a dhéanamh ar chógas comhtheiripe i gcóireáil Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna (HIV sa Bhéarla), chomh maith le cógais eitinne a thabhairt faoi mhaoirsiú.

Seirbhísí Siúil Isteach Don Chéad Uair/Éigeandála

Tríd ár tseirbhís mheasúnaithe siúil isteach don chéad uair/éigeandála rinneamar 248 measúnú le linn 2008. Áirítear ar na tairbhí, rochtain dhíreach ar sheirbhísí measúnaithe d'úsáideoirí drugaí agus deis chun seirbhísí iomchuí a phleanáil atá bunaithe ar riachtanais chliant.

Seomra Súgartha do Leanaí

Soláthraíonn an Rannóg Theiripe Shúgartha timpeallacht inspreagthach chuiditheach do na leanaí agus tuismitheoirí a fhreastalaíonn ar ár tseirbhísí. Is í an aidhm atá againn ná cruthaitheacht na leanaí a fhorbairt trí dheiseanna a chur ar fáil chun a gcuid scileanna a fhorbairt agus a fheabhsú. Trí himoibriú aonair agus grúpa déanamid iarracht cabhrú leis na leanaí a bhféinmheas agus bealaí nua idiroibrithe le daoine eile a fhorbairt.

Le linn 2008 tugadh 2,724 cuairt in iomlán ar an Rannóg. Sa treis anseo bhí oibriú le 159 leanaí ar leith agus 109 teaghlach. Feidhmíonn an rannóg i bpáirtíocht le foirne ildhisciplíneacha agus seirbhísí reachtúla agus deonacha eile.

Mar thoradh ar an rath a bhí ar ár gcláir shamhraidh roimhe sin leanamar leis an tionscamh seo a raibh an-tóir air. San áireamh sna cláir seo bhí turais chuig an bpictiúrlann agus ar tharraingtí timpeall ar limistéar Bhaile Átha Cliath. Le linn gach ceann de na turais seo lean an seomra súgartha ar oscailt do leanaí eile chun freastal

air. D'eagraíomar ócáidí intí chomh maith ar a n-áirítear tóraíochtaí taisce, laethanta spóirt, etc.

Chuir an Dry Ice Company taispeántas i láthair arís ag ár bhfleá na Nollag le haghaidh leanaí. Bhain na leanaí agus na tuismitheoirí araon an-taitneamh as le teacht i láthair speisialta ó San Nioclás. In 2008 fuaireamar deonacháin de bhronntanais na Nollag do na leanaí ó fhoireann Intel agus an Irish Times. Táimid an-bhuíoch as a dtacaíocht.

Tugann an seomra súgartha raon leathan comhairle, eolais agus tacaíochta do thuismitheoirí agus leanaí. Le linn 2008 d'eagraíomar téamaí míosúla do na leanaí agus tuismitheoirí araon. Sholáthraíomar faisnéis ar shaincheisteanna sóisialta agus oideachasúla ar shuim leo araon. Roghnaíodh gach ábhar bunaithe ar riachtanais na leanaí mar a chonachtas dúinn iad agus trí chomhairle a ghlacadh leis na tuismitheoirí. Chun an tseirbhís a sholáthraimid a fheabhsú, rinneamar ceistiúchán chomh maith chun riachtanais na dtuismitheoirí agus na leanaí a fhreastalaíonn ar an seomra súgartha a fháil amach tuilleadh. Tríd é seo a dhéanamh bhíomar in ann tionscnaimh a d'fhéadfadh a bheith ann don todhchaí a aithint ar nós Obair Bhaile agus Clubanna Bricfeasta atá mar aidhm againn tabhairt fúthu in 2009. I ndiaidh aiseolais ó cheistiúchán a rinneadh, d'aithníomar an gá chun freastal ar leanaí níos sine. Is í an aidhm atá againn ná é seo a bhaint amach in 2009.

Leanann an Rannóg Theiripe Súgartha ag oibriú i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath i gCearnóg Mhóinseo chun socrúchán a sholáthar faoina gcomhlíonann mac léinn san Oideachas Luath Óige taithí oibre bliana inár tseomra súgartha.

Seirbhísí Comhairleoireachta agus Thacaíocht Theaghlaigh

Oibríonn an rannóg Chomhairleoireachta go réamhghníomhach le cliaint a bhfuil cúraimí mothúcháin, síceolaíochta, fisiciúla agus andúile acu agus ar mian leo leas a bhaint as seirbhísí comhairleoireachta arna gcur ar fáil ag comhairleoirí atá oiliúnaithe go profisiúnta agus atá creidiúnaithe. Is próiseas é comhairleoireacht atá éifeachtach go cliniciúil chun cabhrú le cliaint déileáil le haon chúram ar bhealach daonnachta agus anailíseach.

Grúpa Cúraim Leanúnaigh

Tá áthas orainn seirbhís sheachtainiúil a thairiscint chun cabhrú le cliaint a dtéarnamh a chothabháil. Is í aidhm an ghrúpa ná téarnamh leanúnach a chur chun cinn trí oideachas, thacaíochtaí agus theicnící. Cabhraíonn an grúpa le duine chun a c(h)uid spriocanna a leathnú amach agus a shocrú fad is atá a ph(h)lean cúraim á chothabháil, mar aon le tacaíocht leanúnach a chur ar fáil chun déileáil le ceisteanna atá bainteach le sláinte, obair agus clann. Cuidíonn sé le fócas freisin agus chun tacaíochtaí i leith téarnaimh sa phobal a aithint, agus ag an am céanna na cúínsí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis athiompaithe á n-aithint. Éascaíonn comhaltaí na bhfoirne ildhisciplíneacha obair an ghrúpa seo.

Seirbhísí For-Rochtana

Oibríonn na foirne ildhisciplíneacha i gcomhairle leis an gClár For-Rochtana chun riachtanais, cóireáil agus roghanna athshlánaithe cliant a aithint agus chun plean cúraim aonair iomchuí a fhorbairt. Chomh maith leis sin bíonn For-rochtain i mbun seirbhísí a sholáthar do chliaint ó thaobh saoráidí othar cónaitheacha agus eis-othar a phleanáil. Bíonn idirchaidreamh ag an rannóg le grúpaí reachtúla agus deonacha laistigh den phobal maidir le riachtanais chliant agus pleananna cúraim comhghníomhaireachta a cheapadh.

Soláthraítear iarchúram/athshlánú, cur chun cinn sláinte agus tacaíocht idirghabhála ghéarchéime do chliaint agus dá dteaghlaigh. Is seirbhís ríthábhachtach í i gcónaí an t-athleanúint do chliaint a d'éirigh as cóireáil. Déantar ár liosta feithimh a bhailíochtú go leanúnach ag cinntiú go bhfuil tuarascáil stádais reatha againn chun go leanfar i dteagmháil le cliaint ar an liosta.

Seirbhísí Obair Shóisialta

Is í an aidhm atá ag an bhFoireann Obair Shóisialta laistigh den tseirbhís ná tacaíocht agus idirghabháil chuí a sholáthar dóibh siúd atá ag freastal. Ag feidhmiú de réir phrionsabail Obair Shóisialta, is iad sin, ionbhá, tuiscint agus ceart cliant ar fhéinchinntiúchán, is í an aidhm atá againn ná cabhrú le hathrú a dhéanamh dóibh sin atá ag freastal, dá dteaghlaigh agus dá bpobail. Déantar daoine a atreorú chuig an tseirbhís trí theagmháil dhíreach nó trí chomhaltaí den fhoireann nó ó ghníomhaireachtaí seachtracha. Feidhmíonn an fhoireann obair shóisialta i gcomhpháirtíocht leis na foirne ildhisciplíneacha agus gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha eile.

Seirbhísí Cnáimhseachais Idirchaidrimh

Leanaimid ag soláthar seirbhísí cnáimhseachais idirchaidrimh le haghaidh ár gcliant i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus leis na trí ospidéal máithreachais i mBaile Átha Cliath. Is í an aidhm ná a chinntiú go mbíonn rochtain ag mná atá ag iompar clainne ar chúram réamhbheithe agus iarbhreithe cuimsitheach agus go bhfaigheann siad an cúram sin. Gníomhaíonn an fhoireann chnáimhseachais mar acmhainn eolais agus oideachais dár bhfoirne ildhisciplíneacha chomh maith.

Cógaisíocht

Bíonn ról ríthábhachtach ag an tseirbhís seo maidir le seirbhísí a sholáthar. In 2008, tharla roinnt forbairtí/tionscnaimh mar a leanas:

- Tugadh cleachtas cliniciúil maith isteach ar a n-áirítear feabhsuithe i nósanna imeachta dáilte.

- Bunú Coiste um Dhrugaí agus Theiripic mar chuid de na riachtanais a bhaineann le Dáileadh ag Altraí.

- Tosaíodh ar Thriail Subocón le páirtíocht shuntasach chógaisíochta.

- Páirtíocht i gCoistí éagsúla, ar a n-áirítear Rialú Cliniciúil, Coiste Fhorbairt Pholasaí um Benzodiazepín, Grúpa Athbhreithnithe um Theagmhas Chógas Leighis agus Fo-Ghrúpa um Dháileadh ag Altraí.

- Tosú ar mhodúl dáilte a fhorbairt laistigh dár gCóras Leictreonach Othar.

- Eolaí Chógais Leighis (Foirmleoir) a fhorbairt a chuireann dáileadh shábhailte, éifeachtach agus tíosach chun cinn.

An Rannóg Altranais

Tá ár bhfoireann altranais oilte go hard le culraí éagsúla ginearálta, síciatracha agus cnáimhseachais acu. Is discipliní príomhúla sinn a bhualann le cliaint ar bhonn laethúil. Is ról ilghnéithe a bhíonn ag an altra. Soláthraíonn ár bhfoireann altranais na seirbhísí a leanas:

- **Cúram Príomhúil –** cuimsíonn sé seo scagadh víreasach, vacsaínithe, pleanáil theaghlaigh, idirghabháil ghéarchéime, measúnuithe tosaigh, malartú snáthaidí, cúram cneá agus cógais ghinearálta agus shíceatrópacha a thabhairt. Cuirimid seirbhís ar fáil freisin a riarann agus a dhéanann monatóireacht ar shainchógais, mar shampla, teiripe fhriththéachtach. Freisin ar cheann dár bpríomhsheirbhísí tábhachtacha cúraim phríomhúil tá maoirseacht ar chógas comhtheiripeach le haghaidh Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna (HIV sa Bhéarla).

- **Ildhisciplíneach** - Tá an ról seo fíor-thábhachtach maidir le faisnéis chruinn chothrom le dáta a thabhairt maidir le leas cliaint. Comhoibrímid go dlúth le disciplíní eile chun cúram cáilíochta optamach a chur ar fáil dár gcliaint.

- **Altra ag Dáileadh –** D'éirigh le haltra bainisteoir teastas i ndáileadh ag altra/cnáimhseach a bhaint amach. Tá an clár seo ceaptha chun an bonn eolais proifisiúnta, na scileanna praiticiúla agus an tuiscint a bhaineann le dáileadh a fhorbairt, trí chlár foghlama struchtúrtha a chur ar fáil d'altraí a éascóidh baint amach na n-inniúlachtaí atá léirithe ag an mBord Altranais agus ag tuarascáil 2008 faoi chultúr shábháilteacht othar a thógáil. Ta súil againn go mbainfidh an dara altra cáilíocht amach in 2009.

Féithpholladh/ Feadán a Chur Isteach (Venipuncture/Canulation sa Bhéarla)

D'freastail comhaltaí den fhoireann altranais ar an gcúrsa Cuir Oiliúint ar an Oiliúnóir maidir le féithpholladh/feadán a chur isteach in Ospidéal an Mater. Is measúnuithe cáilithe iad anois agus tá siad ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar altraí i scileanna féithpholltа tar éis dóibh freastal ar lá staidéir arna eagrú ag Ospidéal an Mater. Bíonn ról nach féidir luach a chur air ag an scil seo maidir le cáilíocht chúraim a chur chun cinn trí cóireáil a chumasú do chliaint sa shocrúchán cúramshláinte is cuí dá riachtanais.

Taighde

Rinne comhalta den fhoireann altranais eolaí amach maidir le scothchleachtas do scagadh meitibileach le haghaidh cliant ar chógais fhrithshíceoiseach. Tá an t-eolaí anphraiticiúil cairdiúil seo bunaithe ar fhianaise reatha maidir le monatóireacht éifeachtúil a dhéanamh i gcóir shiondróm meitibileach.

Tá altra bainisteoir cliniciúil mar comhordaitheoir altranais do thriail chliniciúil thaighe Schering-Plough ar Subocón. Clúdaíonn an ról seo teagmháil le cliaint, scagadh anailise fola agus fuail, ceistiúchán agus sonraí a chur isteach in achar sonraí.

Mar chuid dá staidéir le haghaidh Bhaitsiléir Ealaíne Onóireacha (Síciatracht) rinne altra bainisteoir cliniciúil taighde ar chohórt beag cliant maidir le caighdeán beatha le meabhairshláinte bhuanseasmhach agus mí-úsáid ilshubstaintí i gcoinne iad siúd le mí-úsáid ilshubstaintí amháin.

Monatóireacht ar Liosta Feithimh agus Tosaíocht a Thabhairt do Chliaint - Bíonn ról tábhachtach againn maidir leis an gcliant a ullmhú le haghaidh a scaoilte amach sa phobal, ag cinntiú go mbíonn aistriú gan tuisle ónár tseirbhís agus ag cinntiú go mbíonn na córais uile i dtoll a chéile.

Socrúcháin Mic Léinn: Déanamid éascaíocht ar an gcéim altranais Bhaitsiléir Eolaíochta trí shocrúchán mic léinn i dtreoshuíomh go dtí earnáil na gcóireálacha drugaí/seirbhísí agus déanaimid nascadh le disciplíní eile chun faisnéis agus tuiscint a fheabhsú san earnáil mhí-úsáid shubstaintí.

Fóram d'Úsáideoirí Seirbhíse

Leanann ár bhFóram Úsáideoirí Seirbhíse a bunaíodh in 2003 de:

- Bhealach cumarsáide déthreoch a fhorbairt idir an bhfoireann/an mbainistíocht agus na cliaint a bhíonn ag freastal ar an tseirbhís
- Fhóram fiúntach a sholáthar chun díospóireacht a dhéanamh ar pholasaithe agus ar chleachtais atá ann cheana féin agus ar riachtanais a fheictear don tseirbhís
- Fhóram fiúntach a sholáthar le haghaidh ionadaíochta ag cliaint agus le go gcuirfidh siad a gcuid tuairimí in iúl
- Iniúchadh a dhéanamh ar mholtaí le haghaidh athraithe agus fhorbairt seirbhíse
- Aiseolas a chur ar fáil don bhainistíocht maidir le gnéithe dearfacha agus diúltachta araon den tseirbhís arna n-aireachtaíl ag na cliaint.

In 2008, d'eagraigh Fóram na nÚsáideoirí Seirbhís Chuimhneacháin do chliaint agus comhaltaí teaghlaigh san am a caitheadh chomh maith le faoi láthair.

Seirbhísí Riaracháin agus Tacaíochta

Tá ár bhfoireann riaracháin agus tacaíochta riachtanach lena chinntiú go gcuirtear réimse leathan seirbhísí ar fáil go héifeachtúil agus go héifeachtach. Áirítear orthu foireann ó na rannóga a leanas: airgeadas, acmhainní daonna, fáilte agus taifid liachta, rúnaithe d'fhoirne cliniciúla, oifigigh chléireachais, pearsanra Theicneolaíocht Eolais,

cúntóirí ginearálta, maoirseoir foirgníochta, foireann a bhíonn i gcionn an tí, foireann ghlantóireachta agus foireann shlándála ar conradh. Aithníonn an Bord cion oibre fíor-riachtanach gach duine ar leith agus gach foirne ar leith chun a chinntiú go soláthraimid seirbhís cháilíochta.

Ag Oiriúnú

Seirbhísí Leasa:

In 2008, bhí laghdú beag ar an iomlán i líon na ndaoine ag rochtain na seirbhíse leasa. Tá roinnt cúinsí ann maidir leis seo. Sa réimse fiosrúchán faoi chóiríocht agus leas forlíontach chonaiceamar laghdú de 7% agus 26%. Is easpa dídine an phríomhfhadbh a thugann cliaint chuig an tseirbhís leasa.

Is féidir an laghdú seo a chur síos do thacaíocht agus chúnamh an Aonaid um Daoine gan Dídean agus gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha eile bainteach le Daoine gan Dídean a raibh an tseirbhís leasa i dteagmháil ghníomhach leo. Ag eascairt as seo is féidir monatóireacht a dhéanamh ar shocrúcháin chóiríochta agus ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh, rud a chinntíonn fad cónaithe agus a chabhraíonn le cliaint maidir le cothabháil éileamh, ag ceadú, nuair is féidir é sin, teacht roimh fhadhbanna ionchasacha. Chiallaigh an obair a rinneadh in 2007 i réimse na gcártaí leighis go raibh laghdú chomh maith in 2008 toisc go raibh naisc ag cliaint le dochtúirí teaghlaigh agus nuair a bhaintear é seo amach gríosaítear iad chun a teidlíochtaí liachta a choinneáil ar bhonn reatha. Déantar monatóireacht ar seo ar bhonn leanúnach.

Seirbhís Leasa ag Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí

Fiafraí:	**2008**	**2007**
Tithíocht agus Cóiríocht	888	958
Cártaí Liachta agus Taisteal	145	251
Liúntais Speisialta agus Réim Bhia	122	97
Seirbhísí Ginearálta	326	412
Líon Iomlán na bhFiafraithe	**1,481**	**1,718**

Ag Forbairt

Oideachas agus Oiliúint

Agus í ar an tseirbhís chóireála is faide bunaithe sa tír, le taithí de bhreis is 39 bliain, bhí páirt ar leith againn maidir le hoiliúint agus oideachas leanúnach a chur ar ghairmithe sa réimse mhí-úsáid shubstaintí. Baintear é seo amach trí chláir oiliúna, shocrúcháin agus chúrsaí foirmiúla. In éineacht le socrúcháin mac léinn, eagraítear cuairteanna cliniciúla do mhic léinn chomh maith.

In 2008, leanamar ag soláthar oiliúna d'institiúidí tríú leibhéal, d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus do ghairmithe eile. Cuid lárnach d'eiteas ár n-eagraíochta is ea oideachas leanúnach. Soláthraíodh breis oideachais agus oiliúna do ghrúpaí tacaíochta, do phríosúnaigh agus do chliaint in ionaid atshlánaithe.

Cuireadh oiliúint ar fáil faoi heipitíteas do mhic léinn in institiúidí tríú leibhéal éagsúla. Ina theannta sin, soláthraíodh seisiúin oideachasúla d'fhoireann chliniciúil atá ag obair sa réimse mhí-úsáid shubstaintí.

Dochtúirí Ospidéil Neamh-Chomhairleacha

Tá sain-oiliúint á soláthar againn i gcónaí do 15 Dochtúir Ospidéil Neamh-Chomhairleach (DONC-anna) tríd an rannpháirtíocht atá againn i scéimeanna oiliúna arna gcreidiúnú ag Coláiste Ríoga na Síciatraithe agus ag Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh na hÉireann.

Soláthraimid socrúcháin d'oiliúnaithe a bhíonn rannpháirteach sna Rothluithe Oiliúna in Ollscoil Bhaile Átha Cliath, in Ospidéal Naomh Eoin Baiste agus in Ospidéal an Mater. Tá na rothluithe seo creidiúnaithe ag Coláiste Ríoga na Síciatraithe.

Socrúcháin Fhostaíochta

Mar sholáthróir seirbhíse atá chun tosaigh sa réimse mhí-úsáid shubstaintí déanaimid éascaíocht ar oiliúint ghairmiúil trí shocrúcháin a bhíonn mar chuid den oiliúint do roinnt gairmeacha agus disciplíní éagsúla. Is cuid d'oiliúint roinnt gairmeacha agus disciplíní éagsúla iad seo. Bíonn deis ag na rannpháirtithe na gnéithe iomadúla de sheirbhísí chliniciúla agus de chláir chóireála a fheiceáil ón mbun, chomh maith lenár tsaotharlann náisiúnta anailís dhrugaí. Le linn 2008 ghlac 169 gairmí páirt i bhfoghlaim ar an láthair. Áiríodh orthu altraí, oibrithe sóisialta, comhairleoirí, foireann otharchairr, síceolaithe, oibrithe chúram leanaí, foireann shaotharlainne, riaracháin agus sheirbhísí tacaíochta.

Tairgtear socrúchán bhliana amháin do mhic léinn ón Scoil Shocheolaíochta ag Institiúid Theicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus ó Institiúid Theicneolaíochta Dhún Dealgan. Agus iad ar shocrúchán inár tSeomra Súgartha Leanaí, freastalaíonn mic léinn ar chruinnithe de chuid na foirne ildhisciplíní go hinmheánach agus go seachtrach. Ligeann sé seo do mhic léinn taithí a fháil ón mbun ar raon na riachtanas agus na bhfreagairtí a chuirtear ar fáil do leanaí a bhfuil fadhbanna mhí-úsáid drugaí ag a gcuid tuismitheoirí.

Tig le mic léinn atá ag freastal ar chúrsaí comhairleoireachta mar chuid dá n-oiliúint ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Coláiste LSB/DBS agus Ollscoil Náisiúnta na Éireann, Má Nuat, glacadh le socrúcháin atá faoi mhaoirsiú ag ár bhfoireann chomhairleoireachta a bhfuil sean-taithí acu.

Soláthraíonn ár Rannóg Obair Shóisialta socrúcháin mac léinn gach bliain i gcomhar le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Is ardshain-obair cuid mhaith den obair a dhéantar inár tsaotharlann. Thar na blianta tá glactha léi ag institiúidí tríú leibhéal mar áit thaithí oibre fhiúntach do mhic léinn a bhfuil tóir mhór uirthi, a ligeann dóibh taithí luachmhar a fháil. Áirítear orthusan Institiúidí Teicneolaíochta Shráid Chaoimhín agus Tamhlachta, Institiúidí Teicneolaíochta Átha Luain agus Cheatharlaigh agus Sráid Chathail Bhrugha.

Teicneolaíocht Chumarsáid Eolais

Leanamar d'ár Straitéis Theicneolaíocht Chumarsáid Eolais a chur i gcrích in 2008. Cuireadh córais nua isteach, rud a chuir le feabhsuithe inár bhfeidhmchláir bhunachar sonraí.

Córas Leictreonach Othar

Leanadh d'forbairt an Chóras Leictreonach Othar i rith na bliana agus i measc na bhforbairtí sonracha a thosaigh in 2008 bhí Nótaí ar Dhul Chun Cinn le haghaidh Heipitís C agus Torthaí Fola faoin Lipéidín Saotharlainne. Forbraíodh tuairiscí breise freisin ag úsáid Tuairiscí Criostail chun sonraí a bhaint amach as an gCóras Leictreonach Othar.

Tionscadail Theicneolaíocht Chumarsáid Eolais Eile

In éineacht le forbairtí ar an gCóras Leictreonach Othar, i measc na dtionscadal Theicneolaíocht Eolais eile a críochnaíodh in 2008 bhí na cinn a leanas:

- Uasghrádú déanta ar an gcóras teileafóin agus theachtaireacht bhéil
- Réiteach nua frithvíris curtha i gcrích.
- Tús curtha le córas tuairiscithe leictreonach le haghaidh thorthaí saotharlainne.
- Feabhas curtha ar ár mbonneagar gréasáin tríd ár lasca a uasghrádú.
- Uasghrádú déanta ar ár gCórais Shlándála (gréasán, ríomhphost, etc.)
- Córas chárta Foisceachta leictreonach curtha isteach chun slándáil fhoirgneamh a fheabhsú.
- Uasghrádú déanta ar ár gcóras Eolaí Ghníomhaigh.
- Uasghrádú leanúnach ar ríomhairí pearsanta, chlódóirí, etc.
- Athlonnú sealadach chórais Shaotharlainne chun oibreacha Ardaitheora/ Aeraithe a éascú.

In 2009, is féidir go gclúdófar na forbairtí Theicneolaíocht Eolais a leanas:

- Críoch a chur leis an gcóras tuairiscithe Leictreonach le haghaidh thorthaí saotharlainne.

- Freastalaithe na Saotharlainne a uasghrádú chun feidhmiúlacht a fheabhsú.
- Freastalaithe breise a chur isteach do chuspóirí Phleanáil Theagmhais.
- Uasghrádú leanúnach ar ríomhairí pearsanta, chlódóirí, etc.
- An poitéinseal chun an bonneagar cábla a uasghrádú a chioradh faoi réir maoinithe a bheith ar fáil.

Acmhainní Daonna

I 2008, leanamar ag cur seirbhísí agus tacaíocht Acmhainní Daonna ar fáil. Go hard i gclár oibre na rannóige bhí feachtais earcaíochta, tionscnaimh oiliúna agus fhorbartha agus pleanáil dhaonchumhachta. Leanamar ag gníomhú mar acmhainn do bhainisteoirí líne agus do mhaoirseoirí.

Faoin Acht Míchumais 2005, tá dualgas orainn mar chomhlacht seirbhíse poiblí a chinntiú gur daoine le míchumas 3% ar a laghad dár bhfoireann. Sainmhíníonn an tAcht Míchumais 2005:*" ciallaíonn míchumas i ndáil le duine sriantacht shubstaintiúil maidir cumas an duine gairm, gnó nó slí beatha a chur ar siúl sa Stát nó chun páirt a ghlacadh i saol eacnamaíochta nó cultúrtha sa Stát de dheascair mallachair mhartanaigh coirp, céadfa, meabhair-shláinte nó intleachta."* Feictear don Bhord gur gníomh dearfach é an sprioc seo d'fhostaíocht daoine le míchumas sa tseirbhís phoiblí le cinntiú go bhfuil fostóirí na seirbhíse poiblí réamhghníomhach maidir le fostaíocht agus deiseanna gairme a chur ar fáil do ghrúpa a bhfuil baol níos mó ann ina gcás go mbeidis coinnithe amach ó fhostaíocht. Trí chomhaireamh bliantúil a dhéanamh, tugann sé deis dúinn a aithint an bhfuil na tacaíochtaí go léir a dteastaíonn uathu chun a gcuid jabanna a déanamh á bhfáil ag daoine le míchumas. In 2008, chuireamar suirbhé deonach chuig na fostaithe go léir chun a fháil amach cén líon daoine a bhfuil míchumas orthu. Thug 3% den fhoireann le taispeáint go raibh míchumas orthu.

Leanaimid ag cur ár bPolasaí Oiliúna agus Forbartha chun cinn a chinntíonn go mbíonn rochtain ag gach fostaí ar oiliúint agus ar fhorbairt phearsanta. Freisin déanaimid fostaithe a ghríosadh chun a gcuid oideachais a chur chun cinn agus úsáid a bhaint as tacaíocht chun freastal ar chúrsaí oiliúna tríú leibhéal foirmiúla.

Sláinte Cheirde

Cuireann ár Rannóg Sláinte Cheirde seirbhís ar fáil i gcónaí d'fhostaithe ar a n-áirítear gnéithe éagsúla d'fholláine foirne, cláir vacsaínithe le haghaidh Heipitítis A agus B agus fliú.

Sláinte, Sábháilteacht agus Leas

Tá ár mBord tiomanta maidir lena dhualgais faoi reachaíocht shláinte agus shábháilteachta a chomhlíonadh agus maidir le timpeallacht oibre shábháilte agus shláintiúil a chruthú agus a choimeád dá fhostaithe, dá chliaint agus dá chuairteoirí. Le linn 2008, d'oibrigh an Coiste Sláinte agus Sábháilteachta chun a chinntiú gur comhlíonadh dualgais an Bhoird.

Is cuid lárnach í oiliúint maidir le laghdú a dhéanamh ar bhaol/thitim amach timpistí nó teaghmas. Chlúdaigh samplaí den oiliúint a cuireadh ar fáil in 2008: oiliúint leanúnach maidir le teaghmas tromchúiseach a bhainistiú, dochair shá snáthaide agus láimhsiú láimhe.

Bainistiú Riosca

D'fhorbair ár mBord Straitéis Bhainistiú Riosca (2007) a chuimsigh Coiste Bhainistiú Riosca agus Coiste um Rialú Cliniciúil agus chuir sé an Straitéis sin i gcrích.

Is é an cuspóir atá leis an Straitéis Bhainistiú Riosca ná creatlach éifeachtach bhainistiú riosca a fhorbairt agus a chur i gcrích le cinntiú go ndéantar bainistiú leordhóthanach ar an raon iomlán rioscaí i gcomhréir le hoibleagáidí díthiúla agus scothchleachtas reatha san earnáil shláinte.

In 2008, lean an Coiste Iniúchta a cheap an Bord ag cabhrú leis an mBord agus ag tuairisciú dó maidir lena chuid freagrachtaí i dtaca le monatóireacht a dhéanamh ar:

- Éifeachtacht agus tionchar na rialaithe inmheánacha go léir sa Bhord
- Ghéilliúlacht an Bhoird maidir le riachtanais dhlíthiúla agus rialaithe
- Shláine na ráiteas airgeadais agus na sonraí gníomhaíochta eile a chuireann an tIonad ar fáil.

Airgeadas

Déanann an Rannóg Airgeadais bainistiú ar an leithdháileadh bliantúil maoinithe ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte thar ceann an Bhoird. Cinntíonn an Rannóg go n-íoctar soláthraithe go tráthúil agus an párolla míosúil don fhoireann. Tá an Rannóg freagrach freisin as soláthairtí a fháil i gcomhréir leis an gcleachtas is fearr. Cinntíonn an Rannóg go ndéantar tuairisciú cruinn agus go gcoimeádtar smacht ar chostais trí thuairiscí a chur ar fáil ar a n-áirítear cuntais mhíosúla, ráitis airgeadais agus buiséid bhliantúla. Cuirtear anailís athraithis agus tráchtaireacht ar fáil go tréimhsiúil don Bhainisteoir Ginearálta agus do Bhord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí.

Taispeánann na ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch 2008 ioncam iomlán de €9,290,660 agus den tsuim sin bhí €8,958,391 mar leithdháileadh deontais ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Tabhair faoi deara gurbh é an leithdháileadh deontais bunaidh ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le haghaidh 2008 ná €9,608,391 lúide suim €650,000 a bhí mar aisíoc aon uaire le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ó bharrachas carnach Bhord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide ag 31 Nollaig 2007.

Léiríonn na Ráitis Airgeadais 2008 easnamh de €405,172 sa bhliain. (Tabhair faoi deara go bhfuil an t-easnamh seo glan den aisíoc aon uaire de €650,000 le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in 2008.)

Forbairtí in 2008

I measc na bhforbairtí in 2008 bhí na cinn a leanas:

- Bhíomar ag súil le bheith in ann an Córas Airgeadais Agresso a chur isteach in 2008 ach níor tharla sé sin toisc gur tharraing Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte an maoiniú do rolladh amach an chórais siar i gcás na ngníomhaireachtaí uile. Aithníodh an gá do chóras airgeadais nua tar éis athbhreithniú inmheánach a rinneadh ar na córais Airgeadais in 2007. Freisin, bhí an gá do chóras airgeadais nua mar mholadh tábhachtach tar éis athbhreithniú a rinneadh ar na córais inmheánacha rialú airgeadais arna dhéanamh ag comhlacht cuntasaíochta seachtrach in 2007.

- Tugadh an t-amchlár don iniúchadh bliantúil in 2008 ar aghaidh chun go síneofaí na ráitis airgeadais do 2007 faoi lár mhí na Márta.

- Tá críoch á cur leis na cuntais mhíosúla faoi an 15ú lá den mhí, tugtha ar aghaidh ón 18ú lá, chun cloí le riachtanais thuairiscithe Fheidmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

- Forbraíodh tuairiscí anailíse breise in 2008 chun tuilleadh feabhais a chur ar mhonatóireacht agus rialú réimsí tábhachtacha costas.

Ba mhaith linn an deis seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil le foireann na Roinne Sláinte agus Leanaí agus Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte as a dtacaíocht agus a gcomhoibriú le linn 2008.

Tionscnaimh le haghaidh 2009

- Is mar an gcéanna a bheidh an t-amchlár don iniúchadh bliantúil in 2009 (maidir le ráitis airgeadais 2008) agus a bhí don iniúchadh in 2008 le súil go síneofar na ráitis airgeadais ar dhóigh thráthúil.

- Ní dócha go mbeidh maoiniú don chóras Agresso ag teacht ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in 2009. Sa chás sin scrúdóimid an poiéinseal chun ár gcóras Opera atá ann faoi láthair a uasghrádú go dtí leagan atá níos cothrom go dáta le hinniúlachtaí próiseála agus tuairiscithe níos mó. Beidh aon uasghrádú ar an gcóras airgeadais faoi réir fhaomhadh Boird agus maoinithe a bheith ar fáil go hinmheánach.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas (1997)

Is é polasaí ár mBoird déanamh de réir an Achta um Íoc Pras Cuntas (1997). Tá córais agus nósanna imeachta ag Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Údáide Drugaí lena chinntiú go gcuirtear forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas (1997) i bhfeidhm ina n-iomláine. Tá nósanna imeachta sainiúla i bhfeidhm le gach idirbheart agus íocaíocht a rianú de réir théarmaí an Achta agus déantar athbhreithniú leanúnach ar na haschuir chuí ón gcóras cuntasaíochta. Soláthraíonn nósanna imeachta an Bhoird, atá i gcomhréir le scothchleachtas a ghlactar leis, deimhniú réasúnach, ach ní

deimhniú iomlán, nach ndéantar an tAcht a shárú. Freisin tá sé mar chleachtas againn athbhreithniú a dhéanamh agus gníomh iomchuí a ghlacadh maidir le haon eachtraí sáraithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn. In 2008, chomhlíon an Bord forálacha an Achta go hiomlán agus tá áthas orainn a thuairisciú nach raibh dliteanas ar an mBord as aon íocaíocht úis chuig creidiúnaithe.

Bord na nIonad Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí
Cúirt na Tríonóide
30-31 Sráid an Phiarsaigh
Baile Átha Cliath 2
Teil: 01-648 8600 Facs: 01-648 8700
r-phost: info@dtcb.ie
láithreán gréasáin: www.addictionireland.ie